

CUISLE



EAGRÁN 8

BEALTAINE 1999

£1.50



Slógadh '99
Hammie Hamilton: «ceol nó léann?»
TnaG Bealtaine

ISSN 1393-7243



9 771393 724002

"Id' shuí anseo, ní chreidfeá ariamh gur i lár na hEorpa atá muid."

Aisling Joyce (18) Mac léinn tíreolaíochta



Cabhraíonn clár Scoiteanna Aois an Eolais de chuid Theicom Éireann le gné nua foghlamtha a thabhairt do chuile pháiste scoile in Éirinn.

Gealltanas £15 milliún Theicom Éireann a chuirfidh na huirlisí riachtanacha ar fáil do gach scoil sa tír le lántairbhe a bhaint as buntáistí Aois an Eolais.

B'iad na comhdhálacha físeáin a thug deis do dhaltaí Ghairmscoile Éinne ar Inis Mór bheith i lár an aonaigh, ag cur na gceisteanna ar TDEanna sa Pharlaimint Eorpach i Strasbourg ag seisiún speisialta Ceisteanna agus Freagraí.



CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla, Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir Feidhmeach:

Diarmuid Johnson

Eagarthóir Cúnta:

Uinsíonn Mac Dubhghaill

Riarthóir:

Seán Ó Neachtain

Balnisteoir Fógaraíochta:

Veronica Ní Ghríofa

Dearadh le:

Caomhán Ó Scolaí; 091 572008


Clóchur:

Kilkenny People

Grianghraf dúdaigh:

Liam Burke/Press 22.

Jodie Ní Sheimhlin agus Natalia Jones,
Scoil Náisiúnta Choill a' tSídheáin, Tuar
Mhic Éadaigh, Co Mhaigh Eo, ag
réiteach don dráma *An Cairéad is Mó ar
Domhan* ag Craobh na hÉireann de
Shlógadh Ghael-Linn sa Muileann
gCearr le déanaí. Féach tuairisc ar
leathanach 12.



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis
freagartha a thabhairt d'aon duine
nó d'aon eagraíocht a éilíonn a
leithéid, má tá siad míshásta faoin
méid a scríobhadh fúthu i gCuisle.
Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir,
Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó
cuir ríomhphost chuig cuisle@tinet.ie
faoin scéal.

San eagrán seo

SÚIL ADUAIDH

Tá infheistíocht £65,000
beartaithe don nuachtán *Lá*,
arsa **Seán Mag Uidhir** 5

AISÉIRÍ AN DRAGÚIN

Tá tionól nua ag an mBreatain
Bhig, agus scannán nua ag S4C,
ach an bhfuil an Bhreatain slán?
Téigh go domhain sa scéal le
Diarmuid Johnson 7

COMHDHÁIL GHAELSCOILEANNA

á cíoradh ag **Uinsíonn Mac
Dubhghaill**, agus tuairisc ar na
himeachtaí le **Jaqueline Ní
Fhearghusa** 13

COMÓRTAS PEILE NA GAELTACHTA

Teacht na bhfear mór: Tá an Rinn
ag tnúth leo, arsa **MacDara Mac
Donncha** 16

OILEÁN CHLÉIRE, OILEÁN AN DÓCHAIS

Úna Ní Chíosáin reviews Éamon
Lankford's new book on Cape
Clear Island 18

LÍONTA LIOMBÓ

An KLA agus Zapatista – seo linn
le **Cathal Ó Cuaig** ag guairdeall
ar an idirlíon 20



AN FHUINNEOG

Is it a crime to defend
yourself?

Maolmhaodhóg Ó Ruairc on a
bizarre dismissal in Belgium. 22



AN CHLÚID Síleann Nua

gur fáinleog é féin, ach
seachain an crúsca! 30

'IS É MO LÉANN . . . !

Hammie Hamilton speaks out
on the casting of traditional
music as an academic discipline.
Anyone for a degree? 32

TnaG BEALTAINE

Sult, Spórt agus Sú Eile – *Bon
Appetit* ar TnaG 37

MÓIDE:

Clocha Beaga Scartha, An Béal
Beo, Liam Mac an Iomaire, Des
Johnson agus Tim Robinson

CUISLE

SLADMHARGADH! TRÍ EAGRÁN IN AISCE!

Cuirfidh muid trí eagrán de *Cuisle* chugat saor in aisce, má ghlacann tú síntiús bliana
linn. Is é sin le rá, má chuireann tú do fócaíocht chugainn in am don chéad eagrán
eile, gheobhaidh tú gach eagrán den iris go ceann bliana agus ráithe le cois. Ní gá
ach an fhoirm thíos a líonadh agus a chur sa phost le do sheic.

Ainm / name Sloinne / surname

Seoladh / address

Teil / tel Ríomhphost / email

Síniú / signature Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh): Éire agus an Bhreatain £25
Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* • An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead áitiúil

CUISLE AR AN IDIRLÍON <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

Scéalta Clasaiceacha Do Leanaí



NA TRÍ MHUICÍN

"Séidfidh mé agus leagfaidh mé do theach beag bríce!" arsa an mac tíre. Ní muc i mála é an leabhar seo ach an t-earra ceart.
Insint bheoga shimplí ó pheann Threasa Ní Ailpín.
Oiriúnach do pháistí 4-7.
ISBN 1-85791-306-X £2.20



COCHAILLÍN DEARG

Cé atá sa leaba?
Mamó? Nó mac tíre!
Athinsint ar scéal cáiliúil ó pheann Threasa Ní Ailpín.
Oiriúnach do pháistí 4-7.
ISBN 1-85791-307-8 £2.20

CATALÓG

Leabhair do Dhaoine Óga



Saor in aisce!

Breis is leathchéad leathanach ann.

Saor in aisce!

Vearsaí, leabhair eolais, pictiúrleabhair, foclóirí, drámaí, póstaer, leabhair cheoil agus eile.

Saor in aisce!

Lón léitheoireachta do gach aoisghrúpa — agus lón réamhléitheoireachta do na tachtáin.

Cé a dúirt nach bhfuil a leithéid de rud ann agus lón saor in aisce!

A new catalogue of childrens' books for all age groups is available free of charge. Order your copy now.

AN GÚM

Teil: (01) 809 5034 Ríomhphost: gum@educ.irlgov.ie

An Rannóg Postdóla Teil: (01) 661 3111 Fólíne 4041/4045

NUACHTÁN DON TRÍÚ MÍLAOIS

Lá

www.nuacht.com

Glac síntiús le Lá

Costas:	Éire & an Bhreatain	SAM
Bliain amháin:	£45 ÉI£40	\$65
Sé mhí:	£25 ÉI£22	\$35
Trí mhí:	£13 ÉI£15	\$18

Is féidir íoc le visa ar
(01232) 501111

nó seic a chur chuig:

Síntiúisí

Lá

301 Bóthar na Gleanna
Béal Feirste BT11 8BU



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Cúrsaí Gaeilge 1999

Gach Leibhéal

Daoine Fásta, Eachtrannaigh,
Mic Léinn Tríú Leibhéal,
Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

Bróisiúir agus gach eolas ó:
Áras Mháirtín Uí Chadhain
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Fón : (091) 595101

Facs : (091) 595041

ríomhphost : arasuichadhain@tinet.ie



Tá pleananna móra ag an ngrúpa *Nuachtáin* le páipéar den scoith a dhéanamh de *Lá*.

chur amach go seachtainiúil. Ach bhí an páipéar i gcónaí ag fulaingt easpa acmhainní daonna agus airgid leis an fhiontar a fhorbairt mar ba cheart.

Ach tá ag éirí go breá le teidil eile *Nuachtáin*: tá 80,000 léitheoirí acu agus beidh acmhainní iomlána an chomhlachta ina chrann taca do *Lá*.

Tá an t-údar Gaeilge agus iarbhall Sinn Féineach de Chomhairle Bhéal

láithreach. "Don chéad uair ó tháinig ann dó beidh foireann lánaimseartha ag *Lá*. D'fhostaigh muid an t-iriseoir duaisbhainteach Eoghan Ó Néill mar eagarthóir an pháipéir agus beidh sé de chúram aige *Lá* a thabhairt isteach sa ré nua.

"Tá iriseoir agus fo-eagarthóir lánaimseartha fostaithe againne, chomh maith le fáiltitheoir agus duine i mbun margaíochta agus seachadadh, agus beidh foireann fógraíochta s'againne ag tacú leis an pháipéar fosta."

TÁ AN teicneolaíocht is úire anois ag *Lá* agus geallann Eoghan Ó Néill go mbeidh idir dhearadh agus ábhar an pháipéir feabhsaithe go mór. "Tugann an infheistíocht failleanna dúinn nach raibh riamh ann chun an páipéar a fheabhsú," ar sé.

"Thug muid duine de na dearthóirí nuachtán is proifisiúnta sa tír isteach le dearadh úr ar fad a leagan amach don pháipéar. Beidh an páipéar lán le nuacht crua a bhfuil faobhar gear air, chomh maith le scéalta dóibh siúd a bhfuil suim sa Ghaeilge acu.

"Beidh clúdach ar na Gaelscoileanna mar nach bhfacthas riamh é agus gné-ailt ó scríbhneoirí aitheanta ó gach cearn den tír. Agus don chéad uair riamh i nuachtán Gaeilge beidh colúnaí le dearcadh láidir Aontachtach, Ian Malcolm, a scríobhann don nuachtán laethúil Feirsteach, an *Newsletter*.

"Ar an taobh eile beidh duine de bhunaitheoirí *Lá* Gearóid Ó Cairealláin ag scríobh colún ón dearcadh náisiúnach.


"Beidh an páipéar ag pilleadh ar chlúdach cuimsitheach de chúrsaí spóirt le nuacht, agallaimh agus trácht chomh maith le colún ar Cheiltigh Ghlaschú."

Coup mór do *Lá* a chuirfidh go mór le spleodracht agus beocht an pháipéir go mbeidh an craoltóir agus scríbhneoir Séamas Mac Annaidh ag soláthar forlíonadh ealaíon 16 leathanach uair sa mhí. Ar ndóigh tá Nuachtáin ag dúil go n-éireoidh le *Lá* ar bhonn gnó. Bhí Basil McLaughlin ar dhuine de bhunaitheoirí *Andersonstown News* nuair a tháinig an chéad eagrán amach i Samhain 1972.

"Tá pleananna againn chun foirgneamh nua £1.5m a thógáil dár nuachtáin uilig don bhliain seo chugainn agus tá innill nua chló ceannaithe sna SAM againn," a dúirt sé. "Tá fás mór tagtha ar Nuachtáin le dhá bhliain anuas le 31 oibrí lánaimseartha agus feicimid ról lárnach ag *Lá* i bhforbairt leanúnach na comhlachta.

"Ba mhaith linn ar dtús nuachtán seachtainiúil a sholáthar den chaighdeán is airde do phobal na Gaeilge agus nuair a éiríonn linn sin a dhéanamh amharcaimid in athuair ar pháipéar laethúil."

Is é an t-údar atá ina Eagarthóir ar an North Belfast News - foilseachán de chuid an ghrúpa Nuachtáin.



Ó Lá go Lá

D'FHÓGAIR an grúpa *Nuachtáin* le gairid go bhfuil siad i ndiaidh an nuachtán Gaeilge *Lá* a cheannacht agus tá geallta ag na húinéirí nua gurb í an infheistíocht seo i *Lá* an infheistíocht is mó dá ndearna comhlacht príobháideach nó pobail i bhfoilseachán Gaeilge riamh.

Foilseónn *Nuachtáin* an *Andersonstown News* agus *North Belfast News* chomh maith leis an fhorlíonadh míosúil *Just the Job*. Cheannaigh an comhlacht *Lá* ó Phreas an Phobail Teo i ndiaidh sraith cainteanna a mhair roinnt míonna.

Le blianta beaga anuas tá Nuachtáin ag cur *Lá* i gcló agus tá bá ar leith idir an dá chomhlacht neamhspleách atá bunaithe in iarthar Bhéal Feirste.

Anois agus oifigí agus teicneolaíocht úrnua ann, infheistíocht £65,000 an chéad bhliain, dearadh nua, agus foireann lánaimseartha ceaptha, tá forbairt ag dul ar *Lá* nach ndeachaigh air ó tháinig sé amach don chéad uair i 1984.

Ar feadh trí bliana i dtús a ré, thagadh *Lá* amach achan lá. Ach sa deireadh, bhí an iarracht sin rómhór ag an ngrúpa beag a bhí ina bhun go deonach.

D'fhill an foireann ar an pháipéar a

Feirste Máirtín Ó Muilleoir ina eagarthóir bainistíochta ag *Nuachtáin*. Tá sé an-chorraithe faoi na rudaí móra atá i ndán do *Lá*.

"Go bunúsach, beidh muid ag iarraidh cur go mór leis an obair atá déanta cheana féin ag foireann *Lá*," arsa Máirtín Ó Muilleoir. "Tá muid cinnte de go bhfuil margadh ann faoi choinne nuachtáin mhaith Ghaeilge agus sílimid go bhfuil go leor spáis ann do *Lá*, páipéar a thagann amach i lár na seachtaine, agus don pháipéar Domhnaigh *Foinse*."

Dúirt Ó Muilleoir go mbeadh an leagan nua de *Lá* ar aon dul leis na teidil eile atá ag *Nuachtáin*, leagan amach a n-éiríonn leis. "Is páipéir phobail iad ár nuachtáin agus beidh *Lá* ag tabhairt na seirbhíse cuimsithe céanna don phobal Ghaeilge as seo amach.

"Ba mhaith linne go mothódh Gaeil na tíre nach bhfuil an tseachtain iomlán acu mura bhfuil cóip de *Lá* sa ghlac acu. Ba mhaith linne go mbeidh *Lá* ina cheiliúradh de shaol phobal na Gaeilge agus go dtabharfaidh sé seirbhís den scoith dár léitheoirí agus dár bhfógróirí araon."

Chuir sin dúirt an Muilleoireach go bhfeicfead torthaí na hinfeistíochta nua

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile. Seol do litir chuig: **An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie**



'Let the theatre be our bomb shelter'

Tihomir Stanic,
President of the Association
of the Dramatic Artists of
Serbia.
bombardovanje@beocity.com

Dear friends,

Our modern civilised world is faced with serious problems. The same modern, civilised world has placed all of us, our country and our theatre, in a situation which is irreconcilable with its own proclaimed ethical standards.

Therefore, we consider that our reasons for the theatre to survive at this moment are stronger than ever.

Confronted with bombs, destroyed towns, lost lives, and the whole aggressive attack upon human integrity, we here are trying to justify the very existence of the theatre and to go on living in the only way we know, by performing.

Each of us may have his own individual and personal reasons to do so.

On the one hand, it may represent escape from the present awful reality; on the other, the reason may lie in a clear, conscious, and critical stand against the horrors which someone has decided to *stage* in another's country at the end of the twentieth century.

Fully aware that our decision cannot influence objective circumstances, like air-raid warnings, loss of electricity, a ban on public meetings, and other unpredictable events, we shall do all in our power to ensure that the theatre goes on as long as is humanly possible.

In this way, we wish to inform our audiences that we shall continue to be where they can always find us, that is, on stage.

Let the theatre be our bomb shelter.



Tom Moore,
Indreabhán, Co na Gaillimhe

A Eagarthóir, a chara,
Is there no-one in our midst to call a halt to this unprecedented TV-war soundbyte madness? Kids playing bombers in the bath of reality, patriots and scuds, soap and suds? Is it reality, this war between *I* and *other*?

The power is in your editor's hands, but we need to go beyond the Gaelic speaking nation(s) to bring this message home. To do so in Irish, it must be stunningly, compassionately clear and interesting. It must be the recognition that the loss of even one being is our own loss. Going to war for all humankind requires only the weapon of awareness. Either that, or we have the loathsome situation of war as a sport played by bored humans.

Well-educated, highly intelligent people that make a difference in one of earth's

most ancient languages may well be a vanity that the world cannot afford. Yet any medium with a cutting edge which helps remove malaise and the exodus of the mind in misery can be regarded as a weapon of awareness.

The alternative is this escalation in human suffering being carried out in the name of America (NATO?).

Is mise srl.

An Daonáireamh

Donncha Ó hÉallaithe
Roinn na Matamataice
GMIT, Gaillimh

A Eagarthóir, a chara,
Sa litir 'An i mBaile Átha Cliath atá slánú na teanga?' (*Cuisle an Aibreáin*), léiríonn Muiris de Buitléir a mhíshá-tacht leis an anailís a rinne mé ar thorthaí an daonáirimh in eagrán an Eanáir. De bharr go raibh Áth Cliath ar an gcontae ab ísle céadchodán cainteoirí laethúla Gaeilge,

cuireann sé i mo leith gur cuireadh an fhírinne 'as a riocht'. Is gnáthchleachtas é úsáid a bhaint as céadchodán le comparáid a dhéanamh idir grúpaí.

Creideann Muiris gur chóir comparáid a dhéanamh de réir líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge in aghaidh an chiliméadair chearnaigh. Chuirfeadh anailís den chineál sin Áth Cliath i bhfad chun cinn ar gach contae eile sa rangú le 80 Gaeilgeoirí laethúla per km². Deir sé go bhfuil sé 'soiléir gur ins na cathracha agus na ceantair máguaird atá an dlús is airde ó thaobh Gaeilgeoirí de', agus deir sé chomh maith 'go rachaidh an Ghaeltacht i léig go hiomlán má leantar de bheith ag brath ar lucht na tuaithe chun í a chaomhnú'.

Leis an modh anailíse atá ag Muiris a thástáil, thóg mé dhá áit a bhfuil thart ar 2,000 Gaeilgeoirí iontu aron de réir Dhaonáireamh '96: Inis, Co an Chláir (2030), agus Gaoth Dóbhair (2212). Is ceantar láidir Gaeltachta é Gaoth Dóbhair, agus maidir le hInis, is baile sách Gaelach é ar go leor bealaí.

In Inis, bhí dlús thart ar 130 Gaeilgeoirí laethúla per km² i gcomparáid le 22 duine per km² ag Gaeilgeoireacht go laethúil i nGaoth Dóbhair (toghcheantar Mhachaire an Chlochair). Thabharfadh modh Mhuiris le tuiscint don té nach mbeadh fios a mhalairte aige gur treise i bhfad baile na hInse ná Gaoth Dóbhair i dtaobh úsáid na Gaeilge go laethúil.

Cé atá ag cur na fírinne as a riocht anois?

Mise srl

PS Dóibh siúd ar mhaith leo a chreidiúint gur i mBaile Átha Cliath atá slánú na Gaeilge, meabhraím dóibh an méid an dúirt an tOllamh David Greene ar an ábhar céanna: 'Networks are no substitutes for communities'.

Aiséirí an dragúin sa Bhreatain Bheag

Tromlach ag Páirtí an Lucht Oibre

Diarmuid Johnson

TRÍ SCÓR teachtaí atá i dTionól nua na Breataine Bige. Agus *Cuisle* á chur i gcló, ní heol dúinn cé mhéid teachtaí atá ag na páirtithe éagsúla. Ach níl dabht gur ag Páirtí an Lucht Oibre atá an tromlach. Is é Páirtí an Lucht Oibre príomhpháirtí na Breataine Bige. Ó bhí olltoghchán na Breataine Móire ann dhá bhliain ó shin, is iad na Liberal Democrats an dara páirtí is mó sa tír a bhfuil ionadaíocht aige i Westminster. Plaid Cymru atá ar an bpáirtí náisiúnach, agus triúr nó ceathrar teachtaí atá acusan i Westminster ó na seachtóidí i leith. I láthair na huaire, cé gurb iad na

Clapham Common Londain. Ba mhór an buille do pholaitíocht na Breataine Bige imeacht Davies. Alun Michael is ainm don té a cheap Blair in áit Davies. Cé nach scéal cinnte é, is cosúil gurb eisean a bheidh ina phríomh-aire i dtionól na Breataine Bige. An té atá ina Theachta Párlaiminte i Westminster faoi láthair, más sa mBreatain Bheag atá a thoghcheantar,


duine leis an dá thrá a fhreastal. Beidh tionchar ag rogha na bpolaiteoirí ar stadas an Tionóil nua. Más fearr an tuarastal atá i Westminster, más mó an gradam a bheith i Londain ná i gCardiff, nó más fusa do dhuine dul chun cinn ann, seans go rognóidh cuid de na polaiteoirí toghchán Westminster. Tharlódh freisin gurb iad fülleach Westminster, iad siúd nár éirigh leo, a chuirfeadh isteach ar Chardiff ós fearr leathbhuilín ná gan arán ar bith. Ar an taobh eile den scéal, más iad na polaiteoirí is dílse don Bhreatain Bheag a fhanann i gCardiff, is é leas na tíre é. Le himeacht ama, is dóigh nach í an chothromaíocht chéanna idir na páirtithe a bheas i gCardiff agus i Westminster. De bharr a laige is atá na Tóraithe anois, tá siad lán tsásta toghchán Chardiff a bheith ann. Gach seans go mbeidh beagán ball acu sa Tionól,

'Pé rud a thiocfaidh sa saol, beidh deighilt nua idir an Bhreatain Bheag agus Sasana'

Tóraithe an dara páirtí is mó sa mBreatain Bheag, níl oiread is teachta amháin acu i Westminster ó thoghcheantair na Breataine Bige. Ba é Ron Davies ceannasaí pháirtí an Lucht Oibre sa mBreatain Bheag go dtí anuraidh, ach d'éirigh sé as a phost anuraidh de bharr eachtra robála i

beidh rogha aige feasta freastal ar Westminster, nó dul san iomaíocht i gcomhair suíocháin i dtionól Chardiff. Dar ndóigh, sin mar atá in Éirinn i gcás na bhfeisirí Eorpacha a chaith seal sa Dáil. Tá difríocht idir an dá chás, áfach, mar níl cosc foirmeálta ar dhuine a bheith i Westminster agus i gCardiff araon. Seans go gcuirfean an cosc sin ar pholaiteoirí amach anseo, ach idir an dá linn glactar leis go mbeadh baol faillí ann dá bhféachfadh

Alun Michael



agus sin feabhas. Is íoróineach an rud é deis a bheith ag na Tóraithe iad féin a neartú de bharr an Tionóil, mar bhí siad go mór in aghaidh an dúlárnaithe riamh.

Is ceist shuimiúil eile í ceist na náisiúntóirí. Cé nach raibh acu ach dornán feisirí i Westminster sna seachtóidí, d'imir siad tionchar ar imeachtaí na linne de bharr gur rialtas mionlaigh a bhí ag an Lucht Oibre. Ó tharla tromlach mór a bheith ag an Lucht Oibre i Westminster faoi láthair, is dóigh gur fearr do Plaid Cymru a bheith gníomhach i gCardiff. Is é an dóchas atá ag Plaid Cymru gur páirtí láidir freasúra a bheas iontu i gCardiff, agus go mbeidh tionchar acu ar pholasaithe an Tionóil dá réir.

Lá an vóta dhá bhliain ó shin, ní raibh de thromlach ag lucht tacaíochta an Tionóil ach 3,361 vóta. Bhí toradh an reifrin idir dhá cheann na meá go dtí gur comhairíodh vótaí Charmarthen i ndeireadh báire.

Síleann Ron Davies nár chuir Páirtí an Lucht Oibre dóthain béime ar reifrean an Tionóil. Níor ghuíosaigh an Páirtí a chuid ball le vótáil ar son an Tionóil, dar leis, agus dá ngríosadh gur fearr an toradh a bheadh ann.

Is cinnte anois agus an Tionól bunaithe go mbeidh fócas nua ann ar chúrsaí na tíre, go mbeidh plé ar chúrsaí Westminster ar thaobh amháin, agus ar chúrsaí Chardiff ar thaobh eile.

Pé rud a thiocfaidh sa saol, beidh deighilt nua idir an Bhreatain Bheag agus Sasana, cé nach deighilt iomlán a bheidh ann. Beidh meon mhuintir na Breataine Bige ina leith féin á ath-mhúnlú. Cá bhfios céard a thioctas as?

'Dílárnú: próiseas seachas ócáid' leabhar le Ron Davies (i lár báire ar dheis) agus é ag ceiliúradh an tionóil nua lena chomhleacaithe.

Papurau Gregynog
Cyfrol Dau Rhif Dau

DATGANOLI PROSES NID ACHLYSUR

Y Gwir Anrhydeddus Ron Davies AS



Devolution for Wales . . . and then?

FOR THE first time since Hywel Dda drafted Welsh law in the tenth century, a Welsh Assembly will this month have the power to make certain decisions, albeit under the auspices of Westminster.

Within a budget approved in London, the Assembly will be responsible for health and education, and for economic and infrastructural development. Significantly, the Assembly will have no mandate in the area of taxation, unlike the Scottish Parliament, which will also be elected this month.

The process of decentralisation which culminate in this month's general elections in Wales was set in train during the seventies, when four Plaid Cymru MPs, wielding considerable influence over a minority Labour Government, pressed for a referendum in 1979.

It was defeated decisively, and nationalist Wales went into mourning. On the same day, the Tories ousted Labour, and the seemingly endless Thatcher years began.

Many saw the 1979 vote as a rebuff to separatism by the Welsh electorate. But the nationalists regrouped, arguing that the result was as much a vote of no confidence in the paltry measures being offered, as a rejection of Welsh sovereignty *per se*.

The great stumbling block on the road to self-determination, if not apathy, has been the basic tenet of the British Labour movement that class takes precedence over nationality, and that one is a worker before one is Welsh. Labour was the voice of industrial south Wales for generations, and the workers' movement was seen as universal.

So, what tipped the balance this time? The answer, in part, lies in a general trend in government, although Tony Blair has brought to it his own wish to recast the UK's constitutional framework. Parliaments in Stormont, Edinburgh, Cardiff; all three are part of this trend. Developments in Europe have increased the interdependence of states, placing greater emphasis on economics than on sovereignty.

A multi-tiered approach to democracy, from local authority to regional parliament, to national parliament and on to Brussels, is becoming the common European model. With it a more liberal view to devolved or subsidiary power has emerged.

Wales now has its Assembly. A new Wales is born, with its own voice.

What will it have to say?

Níl an Bhreatnais slán

Laghdú 50% ar líon na mBreatnaiseoirí

MEASANN daoine in Éirinn go bhfuil an Bhreatnais ar chomhchéim leis an mBéarla. Tá sí níos láidre ná mar atá an Ghaeilge, ach ainneoin sin, tháinig meath an-mhór uirthi ó 1931 go dtí 1991. Tuairisc le Diarmuid Johnson

THART AR 400,000 duine a bhí sa mBreatain Bheag go dtí an naoú haois déag. I dtús na naoú haoise déag, bhí méadú 50% nach mór air sin, agus 587,000 duine sa tír. Breatnaiseoirí a bhí ina bhformhór mór seo. Is pobal aonteangach a bhí i bpobal na Breataine Bige.

Is i 1911 is líonmhaire a bhí cainteoirí Breatnaise ann riamh: 977,366 an figiúr de déir dhaonáireamh na bliana sin: bhí méadú ar líon na mBreatnaiseoirí de bharr méadú a bheith ar an daonra. Ach i 1911, b'ionann an 977,366 Breatnaiseoir agus 49.9% de dhaonra na tíre. Bhí pobal Breatnaise agus pobal Béarla sa tír faoin am sin.

I 1931, bhí 909,261 Breatnaiseoir fós ann. Ach go ceann leathchéad nó trí scór bliain ina dhiaidh sin tháinig laghdú 50% orthu: de réir daonáireamh 1991, tuairim is 20% de dhaonra 2.5 milliún na tíre atá ina mBreatnaiseoirí.



Ní tír dhátteangach a bhí sa mBreatain Bheag le linn na naochaidí, faoi mar ab ea ó 1911 go dtí 1931. Is tír dhátteangach í atá fós ag gluaiseacht i dtreo an aonteangachais.

Is í imirce na Sasanach thar tír isteach an chúis is mó leis an titim i gceadhodán na mBreatnaiseoirí. Rinneadh mótarbhealach de chuid den A55 idir Learpholl agus Bangor. "Wales has had it since they built the Severn Bridge," arsa duine liom.

Ainneoin an dlí

PÉ TÉAGAR atá sa mBreatain, is de bhuíochas an dlí é, agus ní dá bharr. Is páipéirí Béarla atá i bpáipéirí nuachta na tíre, leithéidí *The Western Mail* agus *The Cambrian News*. Tá dhá pháipéar seachtainiúil Breatnaise ann: *Y Cymro*, páipéar seanbhunaithe a ndíoltaí beagnach 50,000 cóip de an lá ba threise é sna ceathrachaidí, agus *Golwg*, iris 3,500 díolaíochta. Níl sa bpáipéar

laethúil Breatnaise ach brionglóid, cé go mbíonn ábhar úr i mBreatain ar an idirlíon gach lá.

Ainneoin gach dá bhfuil déanta ag S4C, oscail an *Irish Times* inniu agus feicfidh tú cuid de na cláracha Béarla atá dá ggraoladh ar an tsáisiún sin.

Maidir le cúrsaí raidió, bhí seirbhís mhaith Breatnaise ann ó na tríochaidí amall ar BBC Cymru, ach tá an Bhreatnais á seachaint agus á ciorrú ag lucht an raidió le roinnt blianta anuas agus na hirísí breac le litreacha faoin scéal.

Ritheadh Acht Teangan sa mBreatain Bheag i 1967. Is rud lag gan éifeacht a bhí ann. Thug sé cead do dhaoine a gcuid fianaise a thabhairt i mBreatain os comhair na cúirte ach fógra a thabhairt roimh ré. Thug sé cead d'airí stáit cáipéisí oifigiúla a chur ar fáil má ba ghá dar leo.

Chuir Cymdeithas yr Iaith - Cumann na Breatnaise - ar son achta nua, rud a ritheadh i 1993. Bunú Bwrdd yr Iaith Gymraeg - Bord na Breatnaise - an dul chun cinn ba mhó a rinneadh de réir an achta nua. Ach is *quango* a bhí ann, *quasi autonomous nongovernmental organisation*, agus na baill á gceapadh ag an rialtas. Daoine meánaosta a ceapadh ar an mórchor, daoine ar de dhlúth agus d'inneach an *status quo* iad.


Níl tionchar dá laghad ag Acht Teangan na Breatnaise (1993) ar an earnáil phríobháideach. Siopaí móra nó comhlachtaí a bhfuil a gceannáras i Sasana, bíonn cuid acu ag cosc labhairt na Breatnaise ar an meitheal oibre. Is Béarla atá ag na dochtúirí i Llandysul, ach oiread leis na dochtúirí in Ionad Sláinte an Spidéil.

Tionól Dhátteangach?

IS CEIST mhór í an mbeidh an Bhreatnais ar chomhchéim leis an mBéarla sa Tionól nua, nó an amhlaidh gurb é meon na gcúpla focal a thabharfas an lá leis.

Tá Breatnais ag roinnt de pholaiteoirí na tíre, í ar a dtail ag cuid díobh, tuiscint mhaith ag tuilleadh uirthi. I láthair na huair, tá córas aistriúcháin dá réiteach ionas nach mbeidh gá do theachtaí Béarla ar bith a labhairt munar mian leo é.

Cé go bhfuil fábhair leis an mBreatain thar is a bhí riamh, agus borradh mór faoin teanga sna bunscoileanna, ní gan dua a bhainfidh sí stádas amach sa Tionól. Braitheann sin, i measc rudáir eile, ar na daoine a thoghrar.



Aberystwyth, Dyfed

ABERYSTWYTH LIES on the shore of Cardigan Bay in West Wales where the rivers Rheidol and Ystwyth meet. Flanked by steep, tumbling hills, it is home to a population of ten thousand, houses the Welsh national library, and is an important centre of Celtic Studies.

Aberystwyth's Old College, close enough to the beach for storm waves to drench its walls, is a fantastic mix of Renaissance and Gothic architecture, while inside winding staircases lead to lecture rooms.

Just a mile from town lies Llanbadarn, a large parish dating to medieval times where Rhygyfarch wrote his *Life of St David* in 1090, and the flamboyant Dafydd ap Gwilym composed amorous lines in the 14th century.

Aberystwyth grew to overshadow Llanbadarn, and in the nineteenth century, it developed into a seaside resort, home to bandstands, ice-cream, and the sort of knobbly knees Dylan Thomas caricatured in his *Portrait of the Artist as a Young Dog*. With a promenade to rival Bray or Galway, the seafront affords views on a fine day of the Llyn peninsula arching round in the distant north, and to the south, if you take the little train up Constitution Hill, of the Pembroke headland.

Modern Aberystwyth, not just a postcard, is an ethnic and linguistic kaleidoscope. The behatted Victorian gentleman still tweeds it down main street, while shoppers greet each other loudly in Welsh, hippies hold their dogs on leashes, and a lady in a sara sells *Big Issues*.

At night, the air tastes of fish and chips, Felinfoel bitter, and curry from the Light of Asia. An old swingers' band plays Rummors at the Trefechan bridge, and taxis queue outside at closing time.

About half of Aberystwyth's adult population is Welsh-speaking. The out-lying rural area is predominantly so, unless immigrant English have bought up the local post office, garage and shop, and had their friends buy Llan y Bwlich farm and change the name to Treetops.

Travel from Aberystwyth is difficult in any direction. The roads wind and dip, and public transport is minimal. Like other isolated regions of the European Union, its farmers face a bleak future. Their children, like their forebears, head to Swansea or London for work, or to Cardiff.

Diarmuid Johnson

REACHTALADH an 'Welsh International Film Festival' (WIFF) i gCardiff i mbliana. Go dtí seo, is in Aberystwyth a bhíodh an WIFF, ach cuireadh ó dheas gan choinne i mbliana í, mar facthas don eagrais go raibh Aberystwyth ró-iargúlta.


Ainneoin sin, tionóladh 'Ffilm Aberystwyth' (FFAB), féile eile i lár na Márta, in Aberystwyth. Is féile taca - *fringe* - a bhí i gceist le FFAB i dtús ama, agus an WIFF ina príomhfhéile. "Bhí díomá ar mhuintir Aberystwyth gur cuireadh an WIFF go Cardiff, ach shocraigh muid leanacht ar aghaidh leis an bhféile taca ar aon nós," arsa príomheagraí FFAB, an drámadóir Pam Palmer.

Taispeánadh scannán nua Breatnaise, *Solomon a Gaenor*, ag féile FFAB, agus bhí slua i láthair i bpictiúrlann an Chommodore i gcomhair na hócáide.

Le tamall de bhlianta, tá iarracht déanta ag lucht na scannán Breatnaise lucht féachana a mhealladh go dtí na pictiúrlanna. De bharr ollmhargadh an Bhéarla, áfach, agus an líon beag de phobal na Breatnaise a théann chuig na scannáin, tá teora leis an lucht féachana is féidir a fháil. Chomh maith leis an dá dheacracht sin, craoltar na scannáin Bhreatnaise ar an teilifís an-luath i ndiaidh a ndéanta, ionas nach gá dul chuig an bpictiúrlann le iad a fheiceáil.

Labhair Pam Palmer liom faoi chúrsaí scannán sa mBreatain Bheag, agus faoi na scannáin Bhreatnaise go mórmór. Dhá scannán Breatnaise nó trí a déantar in aghaidh na bliana. Is é airgead S4C is mó a íocann astu. Tá an scéal amhlaidh ó na hochtóidí i leith, ionas go bhfuil suas le dhá scór scannán Breatnaise sa gcartlann faoi seo, sin gan na drámaí teilifíse nó na sraitheanna a chur san áireamh.

Chuir mé ceist ar Pam faoi líon na n-aisteoirí a bhfuil an Bhreatnaise ar a dtoil acu. Dar léi go bhfuil easpa ann, go háirithe i measc na bhfear meánaosta. Ar an taobh eile den scéal, sa scannán *Brad* (Saunders Lewis), faoin gcomhcheilg in aghaidh



Nia Roberts
(Gaenor) sa
scannán
*Solomon a
Gaenor*

Hitler, bhí suas le deichniúr fear ann san aoisghrúpa sin.

Ní hí an easpa aisteoirí an fhadhb is mó, seans, ach an chaoi a mealltar na Breatnaigh go Londain agus go saol an Bhéarla. Sin é cás Anthony

gcónaí. Aisteoir óg a bhain cliú amach dó féin i *Titanic* agus *Hornblower*, Ioan Gruffydd, tá páirt Solomon aige i *Solomon a Gaenor*. Breatnaise is mó a labhraíonn sé sa scannán, chomh maith le Béarla agus Gearmáinis na

'Murach S4C ní bheadh TnaG ann ar chor ar bith'

Hopkins, cainteoir Breatnaise, agus Richard Burton, fear a labhair Breatnaise ar an stáitse agus os comhair ceamara lena linn.

Léirigh an scannán nua *Solomon a Gaenor* nach mar sin a bhíonn i

nGiúdach.

Baineann an scéal le teaghlach Giúdach a chuireann fúthu i ndeisceart na Breataine Bige. Díolann siad éadach agus gloine le muintir na háite. Titeann Solomon agus Gaenor i



Cá bhfuil na scríbhneoirí teilifíse?

Tá buntríocht mhór idir scéal na teilifíse sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn: saothrú na teanga: Seo sliocht as léacht i mBreatainis a thug Diarmuid Johnson le linn na féile FFAB in Aberystwyth

Ó NA hochtóidí i leith, tá athrú mór ar shaol agus ar theanga na Gaeilge. Focla nua á gcumadh go flúirseach agus na seanfhocla á bhfágáil sna seanleabhra. Tá an teanga á bochtú dar le cuid de na daoine, a dúchas agus a gnás ag imeacht uathí.

Seanscéal agaibhse é sin anseo sa mBreatain Bheag: Breatnais bhríste ar thaobh amháin, agus forchruinneas gan focal Béarla ar an taobh eile.

Is dóigh gur le teacht TnaG a tháinig an fhorbairt nó an bochtú sin chun follais. Is cinnte, pé scéal é, gur mór an difríocht idir Gaeilge na ndaoine óga a tógadh sna hochtóidí, agus an Ghaeilge a bhí ag a muintir rompu.

I láthair na huaire, tá *Ros na Rún* á thaispeáint ar S4C digiteach. Ar cheann de na deacrachtaí is mó a bhí ag *Ros na Rún* i dtús ama, bhí an drochmhéas a bhí ag an lucht féachana ar dhrochGhaeilge na n-aisteoirí.


De réir mar a tháinig an tsraith in inmhe, d'fhéach *Ros na Rún* leis an scéal a chur ina cheart. Ach is dóigh go léirfionn sé a laghad aisteoirí feiliúnacha is atá le fáil.

Is ceist acmhainní daonna atá ann. Acmhainn thábhachtach eile is ea an traidisiún. Traidisiún cumarsáide agus margafóichta. Traidisiún scríbhneoireachta agus drámaíochta. Le hais na Breataine Bige, is dóigh liom go bhfuil na hacmhainní sin gann i saol na Gaeilge.

Bhí faobhar ar úrscéal na Breatnais ó aimsir Daniel Owen (1880) i leith. Maidir le Kate Roberts, Elena Puw Morgan, Caradog Pritchard agus go leor nach iad, choinnigh siad faobhar ar thraidisiún na húrscéalaíochta ó thús na haoise anall. Ar feadh céad bliain roimh bhunú S4C, bhí scéalta maithe á n-inseacht ag na Breatnaigh, agus iad á n-inseacht go cliste.

Féachaimís Wll Roberts mar shampla. Ag ól as tobar na meánaoise agus as tobar a chuid úrscéalaíochta dúchais a bhí seisean nuair a scríobh sé *An Phlá*. Agus chuaigh sé le nós na linne ansin gur scríobh *Pris y Farchnad* don teilifís. Cuireadh Gaeilge ar an scéal sin: *An Craiceann is a Luach*.

Maidir leis an nGaeilge, áfach, is beag prós dá cuid a bhfuil ábhar scannáin ná teilifíse ann. Is scríbhneoir mór le rá a bhí i Máirtín Ó Cadhain, suas le deich leabhar scríofa aige, gearrscéalta a mbunáite. Is iad an saibhreas agus an téagar teangan bua mór Uí Chadhain, agus a shaothar inchurtha le Kulhwch ag Olwen, nó filíocht Tudur Aled. Ach is ar éigean atá leathuair a' chloig ábhar teilifíse sa gcorpús a d'fhág sé ina dhiaidh. An bhfuil léiritheoir i bhur measc anseo anocht a chuideodh linn leagan físe a dhéanamh d'úrscéal Bhrean-dáin Uí Eithir, *Lig Sinn i gCathú?* Beidh fáilte romhaibh in Éirinn, agus ní bheidh tart oraibh ann.




Ioan Gruffudd (Solomon) i scannán nua S4C. Bhí se sa *Titanic*, agus is é atá sa bpríomhpháirt i *Hornblower*, sraith alá á craoladh i Meiriceá taoid láthair.

ngará le chéile, agus bíonn críoch thragóideach leis an scéal.

An bhliain seo chugainn, is in Aberystwyth a bheas an Fhéile Scannán Cheilteach. Tá súil ag FFAB féile nua seo Aberystwyth a nascadh leis an gceann Ceilteach. Tharlódh gur cúnaimh a bheadh sa nasc le tuilleadh daoine a mhealladh chuig an dá fhéile.

Is fiú aithne a chur ar lucht an tionscail thall. Oíche le linn na féile,

casadh dom Chris as Cas Newydd i ndeisceart na Breataine Bige. "Murach S4C ní bheadh TnaG ann ar chor ar bith," ar sé. "Bhí sé le rá ag na Gaeilgeoirí gur thug Thatcher airgead do na *taffies*, agus *cén fáth* nach dtabharfadh Baile Átha Cliath airgead dá dteanga féin?"



Máirtín Ó Cadhain: Is ar éigean atá leathuair a' chloig ábhar teilifíse sa gcorpús a d'fhág sé ina dhiaidh.

Slógadh na n-Ó Muilea gCearr



Uinsíonn Mac Dubhghaill

GHLAC beagnach 10,000 iomaitheoir as scoileanna ó cheann ceann na tíre páirt i bhféile Slógadh Ghael-Linn i mbliana. Bhí cuid mhaith díobh ag craobh na féile sa Muileann gCearr le déanaí. Ceol traidisiúnta, rac,

drámaí, rince seit, scéalaíocht, agallaimh beirte – gan trácht ar phéintéireacht, saorlíníocht, dealbhadóireacht agus grianghrafadóireacht – ba liosta le háireamh é líon na gcomórtas éagsúla.

Meghan Platts (6), Carmel Ní Choileáin (6) agus Shauna Ní Riain (5) as Gaelscoil Dhroichead na Bandon, Corcaigh, ag craobhféile Shlógadh le déanaí. Léirigh a scoil véarsaíocht ghnímh dar teideal *Tigh Eoghainín* ag an bhféile.

Grianghraf: Liam Burke/Press 22

Dúirt na moltóirí go raibh an caighdeán amhránaíochta i measc lucht na gcóranas bunscóile “eisceachtúil ard” i mbliana. Mhol siad caighdeán na n-iontrálacha sna comórtas eile chomh maith.

Sa drámaíocht bhunscóile bronnadh gradam ar lucht Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach, Gaillimh, as a léiriú den dráma *Piobaire Chnoc na Cathrach*. Tugadh ardmholadh don aisteoir óg a rinne páirt an phíobaire féin, Stiofán Seoighe.

Bronnadh gradaim ar leith ar líon beag iomaitheoirí eile a bhain caighdeán ard anach sna comórtas éagsúla. Bronnfar trófaí speisialta orthu ag ócáid a reachtáilfear ina gcuid scoileanna go luath.

Seo a leanas buaiteoirí na ngradam:

Dráma Aonghnímh (Rang 2 go 4): Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach, Gaillimh.

Dráma Rince Aonghnímh (faoi Ardteist): Coláiste de hÍde, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Seit Traidisiúnta (Rang 3 go 6): Seit Barra na hOire, Dún

Garbhán, Co Phort Láirge.

Seit Traidisiúnta (faoi Theastas Sóisearach): Seit Naomh Sheáin, Baile Átha Cáit, Cill Rois, Co an Chláir.

Popghrúpa le Tionlacan Réamhdhéanta (faoi Theastas Sóisearach): Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15.

Grúpa Amhránaíochta Ilghnéitheach (faoi Ardteist): Coláiste Íosagáin, Baile an Bhóthair, Co Átha Cliath. **Cór Trí Pháirt** (faoi Ardteist): Scoil Mhuire, Inis Diomáin, Co an Chláir.

Banna Céilí (Naíonáin go Rang 2): Scoil Náisiúnta Chaisleán an Danair, An Charraig, Co Loch Garman. **Grúpa Traidisiúnta** (Rang 3 go 6): Scoil Cheoil O'Brien Vaughan, Cora Chaitlín, Co an Chláir.

Grúpa Traidisiúnta (faoi Ardteist): Coláiste Eoin, Baile an Bhóthair, Co Bhaile Átha Cliath.

Dealbhadóireacht (faoi 12): Roibeard Mac Giolla Phádraig, Scoil Naomh Iosaif, Cluain Meala, Co Thiobraid Árann.

Clár Raidió (faoi 18): Pobalscoil Ghaoth Dobhair, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall.

102
FM

Raidió na Life

Éist le . . .

carraigcheol

le Colm Ó Ríagáin gach
Luan ó 9 go 10.30 l.n.

Má tá dúil agat sa rac-cheol nó sa cheol beo, beidh dúil agat i Carraigcheol. An aidiún atá ag Carraigcheol ná aird an phobail a tharraingt ar bhannaí atá ag iarraidh a gcosa a chur i dtaca i margat ceoil an lae inniu.

Go dtí seo is iad Luka Bloom, na Mary James, na Frames, na Plague Monkeys, na Marbles agus Manor na bannaí a ghlac páirt sna seisiúin bheo, agus beidh Blink, Jack L, Dr Millar, na Walls, Mark Dignam (ar an 12 Albreán) agus The Prayer Boat (ar an 25 Albreán) ar Carraigcheol amach anseo.

Bunaíodh deich ngaelscoil nua le bliain anuas

Scoileanna idirchreidmheacha sa Mhí agus i gCill Mhantáin

Uinsíonn Mac Dubhgháil

ACHRANN maidir le scoileanna nua, ceisteanna faoi choinníollacha aitheantais, nó an caidreamh 'leochailleach' leis an Roinn — pléitear na ceisteanna seo ag comhdháil Ghaelscoileanna chuile bhliain.

B'amhlaidh an scéal arís i mbliana, nuair a tháinig tuismitheoirí agus múinteoirí ó na scórtha gaelscoil chuig Óstán an Europa i mBéal Feirste ag deireadh na míosa seo caite. Ach más amhlaidh, bhí léas áirithe dóchais i measc na dteachtaí thar mar is gnáthach, agus fonn ceiliúrtha ar roinnt acu.

An 'bua' faoi Alt 31 den Acht Oideachais is mó a thug misneach agus ugach dóibh. Faoin alt seo, bunófar foras dá chuid féin don ghaelscoil-áocht agus do na scoileanna Gaelteachta (féach *Cuisle* na míosa seo caite). Agus bunófar struchtúr tacaíochta dá gcomhleacaithe ar an taobh ó thuaidh den teorainn chomh maith.

Osclaíodh deich ngaelscoil nua i mbliana, sin isteach is amach leis an ráta céanna fáis a bhí ann le blianta beaga anuas. Tá breis is 150 gaelscoil ar fad ann faoin am seo, idir bhunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal.

Ar na scoileanna nua bhí

dhá scoil idirchreidmheacha Caitliceach/Protastúnach ann: Gaelscoil na Bóinne, Co na Mí agus Gaelscoil an Inbhir Mhóir, Co Chill Mhantáin. Rang amháin agus príomhoide a bhí ag an dá scoil.

Osclaíodh ceithre gaelscoil "le sainmheon Caitliceach" faoi phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna LánGhaeilge.

Osclaíodh ceithre gaelscoil nua sa Tuaisceart

B'iad Gaelscoil na gCeithre Maol, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo (dhá rang, príomhoide agus múinteoir); Gaelscoil Longphoirt (rang amháin agus príomhoide); Gaelscoil Phort Laoise (rang amháin agus príomhoide) agus Gaelscoil Charraig na Siúire, Co Thiobrad Árann (rang amháin agus príomhoide).

Díol spéise é nár roghnaigh lucht bunaithe na scoileanna sin an t-easpag áitiúil le bheith ina phátrún ar an scoil, faoi mar a tharlódh go traidisiúnta, ach foras pátrúnachta ar leith a chuir lucht na ngaelscoileanna iad féin ar bun roinnt blianta ó shin.

Osclaíodh ceithre gaelscoil nua sa Tuaisceart. Scoileanna beaga iad seo nach bhfuil aitheantas faighte acu go fóill, agus bíonn uimh-



Nicola Ní Mháirtín (an rí) agus Róisín Carruthers (an cleasaí) as Gaelscoil Eiscir Riada, An Tulach Mhór, Co Uíbh Fháilí, ag craobhfhéile Shléogadh le déanaí. Ba é *Rún an Rí* dráma a scoile. Grianghraf: Liam Burke/Press 22

reacha ísle acu. Táthar dóchasach, áfach, go dtabharfar aitheantas dóibh amach anseo, go háirithe má bhíonn socrú nua polaitiúil ann ó thuaidh.

Ar na ceisteanna is mó a pléadh ag an gcomhdháil bhí

ceist na cóiríochta, nó *school accomodation*. Chuir feidhmeannach Ghaelscoileanna, Jacqueline Ní Fhearghusa, tuairisc ar staid reatha na heagraíochta faoi bhráid na dteachtaí, agus bhí an cheist seo ina cuid shuntasach di.

BLIAIN shuaithinseach a bhí ag Gaelscoileanna ó thaobh na foirne de. D'fhág Deirdre Ní Luing a post mar fheidhmeannach sóisearach faoi Nollaig. Níor líonadh an folúntas go dtí an mhí seo caite, rud a d'fhág brú breise ar an gcuid eile san oifig.

"Is mór an chailliúint don eagraíocht í agus guím gach rath uirthi ina post mar Oifigeach na Gaeilge le Bardas Átha Cliath," a deir Ní Fhearghusa sa tuairisc. "Táim cinnte go mbeidh a tionchar

agus a héifeacht le brath ansin mar a bhí i nGaelscoileanna le breis is trí bliana anuas."

Tá Nóra Ní Loingsigh ceaptha ina háit, agus tá Caitlín Nic an Ultaigh fostaithe ar chonradh bliana san iarthar, a bhfuochas sin d'airgead Chisté na hÉireann. Beidh sí lonnaithe i nGaillimh.

Tá £100,000 faighte ag Gaelscoileanna ó Bhord na Gaeilge faoi scéim nua chun an Ghaeilge a leathadh i measc an ghnáthphobail. Tá beirt fostaithe ag an eagraíocht chun an plean atá acu a chur i gcrích: Una Guerin, a bheas lonnaithe i mBaile Átha Cliath; agus Treasa Ní Mhainín a bheas lonnaithe i gCorcaigh. Conradh dhá bhliain atá i gceist don bheirt.

Seisear ar fad a bheas fostaithe ag Gaelscoileanna sa bhliain seo romhainn: feidhmeannach, feidhmeannach sóisearach, rúnaí páirtaimseartha agus triúr oifigeach forbartha.

● SA DÁ leathanach a leanas foilsítear roinnt sleachta sa tuairisc an fheidhmeannaigh don chomhdháil. Tá eagar áirithe curtha orthu ag *Cuisle*.

17 dalta is gá le scoil a bhunú

Tá athrú ar an gcaoi a dtabharfar aitheantas do scoileanna nua, a deir feidhmeannach Ghaelscoileanna, Jacqueline Ní Fhearghusa

CRÍOCHNAÍODH an dara cuid d'obair an Choimisiúin um Chóiríocht Scoileanna i mí Dheireadh Fómhair, is é sin tuairisc ón nGrúpa Stiúrtha ar chritéir aitheantais do bhunscoileanna nua.

Cuireadh an tuairisc sin os comhair an Aire Oideachais agus Eolaíochta i mí Eanáir 1999 agus cuireadh ar fáil ansin é go poiblí. Ní fios fós an bhfuil sé i gceist ag an Aire na critéir aitheantais nua a chur i bhfeidhm nó an nglacfaidh sé le cuid acu agus cuid eile a fhágaint ar

oideachais an cheantair atá i gceist (ina bhfuil san áireamh pátrúin, boird bhainistíochta, tuismitheoirí agus fóirne teagaisc na scoileanna atá ann) agus pobal mór an cheantair.

- Iarratas ar aitheantas a chur chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoin 10 Nollaig ar an bhfoirm atá sainithe.
- Déanfaidh an Coiste Comhairleach do Scoileanna Nua breithiúnas ar an iarratas tar éis rudaí áirithe a chur san áireamh agus cuirfidh sé moladh os

Mheán Fómhair 1999 ach go mb'fhéidir go mbeidh athrú ann do Mheán Fómhair 2000.

Cóiríocht ≠ coraíocht

TÁ FEABHAS éigin ag teacht ar chúrsaí cóiríochta i gcoitinne de réir a chéile. Tá go leor foirgneamh nua tógtha nó á dtógaint do ghaelscoileanna i mbliana. Ba mhaith liom thar cheann na heagraíochta tréaslú leis na scoileanna seo a leanas:

- Gaelscoil Mhichíl Chíosóig, Inis
- Gaelscoil Faithleann, Cill Áirne
- Gaelscoil Osraí, Cill Chainnigh
- Scoil Raifteirí, Caisleán an Bharraigh
- Gaelscoil Adhamhnáin, Leitir Ceanainn
- Gaelscoil Aonach Urmhumhan, Aonach
- Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Gaillimh

Tá suíomhanna á gceannach faoi láthair freisin do roinnt mhaith scoileanna eile.

Mar sin féin, tá fadhbanna móra ag roinnt scoileanna go fóill agus tá fadhbanna nua ag teacht aníos de réir mar a fhásann cuid de na scoileanna nua a bunaíodh le cúig bliana anuas.

Luaim áiteanna ar nós Cnoc Liamhna, Baile Átha Cliath; Baile Breac, Baile Átha Cliath; Loch Garman; Cill Mhantáin, Cill Dara – áiteanna ina bhfuil an daonra ag fás go tréan agus ina bhfuil sé dodhéanta teacht ar fhoirgnimh shealadacha.

D'eagraigh Gaelscoileanna cruinnithe leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta do roinnt mhaith scoileanna i mbliana, mar is gnáthach, agus tá an tseirbhís sin ar fáil d'aon scoil ach glaoh ar an oifig agus cás na scoile a chur os ár gcomhair.

Tá sé ag éirí níos deacra don oifig fanúint ar an eolas maidir le cás gach scoil éagsúil, ó tharla go bhfuil an oiread sin scoileanna á mbunú le roinnt blianta anuas. Ardaítear ceist cóiríochta na scoileanna leis an Aire agus leis an Roinn gach deis a fhaigheann an eagraíocht.

Rialacha nua faoi chóiríocht bhuan

SCRÍOBH MÉ chuig gach scoil i mbliana ag míniú na n-athruithe atá tagtha i bhfeidhm mar gheall ar chúrsaí tógála srl. do scoileanna atá fós i gcóiríocht shealadach.

An bhuaire is mó atá ar an eagraíocht ná faoin bpróiseas dul i gcomhairle. Tá sé i gceist go bhféachfar an féidir le scoileanna áitiúla an t-éileamh ar scoil nua a shásamh. Más féidir, lagóidh sé sin an cás le haghaidh scoile nua

leataobh.

Na critéir nua atá difriúil ó na critéir atá i bhfeidhm faoi láthair ná:

- Go bhfuil sé cruthaithe go soiléir go ndéanann an tseirbhís oideachasúil atá molta freastal ar riachtanas nach bhféadfaí teacht air go réasúnta laistigh den soláthar atá ann faoi láthair.
- Go dtéitear i gcomhairle go poiblí leis an bpobal áitiúil sula ndéantar iarratas foirmiúil ar scoil nua.

An líon leanaf atá molta anois chun scoil nua a bhunú ná 17 naíonáin bheaga agus íoslíon réamh-mheasta ar rolla don tríú bhliain i mbun oibre ná 51 dalta.

Tá sé i gceist go mbeidh cúig chéim sa phróiseas chun scoil nua a bhunú:

- 1 Caithfidh an pátrún fógra a chur chuig an Roinn ag cur in iúl go bhfuil sé i gceist aitheantas a lorg do scoil nua. Caithfidh an fógra sin a bheith ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta roimh dheireadh mhí an Mheithimh sa bhliain roimh an bhliain go mbeidh an scoil nua ag oscailt i.e. 15 mí roimh oscailt na scoile nua.
- 2 Bailíonn an Coiste Comhairleach do Scoileanna Nua sonraí agus leagann sé plean amach agus déanann maoirseacht ar an bpróiseas dul i gcomhairle. Tarlaíonn dul i gcomhairle sa tréimhse i ndiaidh d'fhógra an rúin a bheith faighte agus sula gcuirtear an tiarratas ar aitheantas isteach chuig an Roinn. Caithfear dul i gcomhairle le bunaitheoirí an togra agus an pátrún atá molta, pobal

comhair an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

- 5 Cuirfear cinneadh an Aire faoin iarratas in iúl don phátrún agus déanfar é a phoiblí faoin 31 Márta.

AN BHUAIRE is mó atá ar an eagraíocht ná faoin bpróiseas dul i gcomhairle. Tá sé i gceist go bhféachfar an féidir le scoileanna áitiúla an t-éileamh ar scoil nua a shásamh. Más féidir, lagóidh sé sin an cás le haghaidh scoile nua.

An rud a d'fhéadfadh tarlú maidir leis an ngaelscolaíocht ná go ndéanfadh scoileanna áitiúla tairiscint sruthanna Gaeilge a thosnú agus go ndéanfadh sé sin cealú ar mhianta tuismitheoirí ar mian leo gaelscoil neamhspleách a bhunú.

Is cinnte nach bhfuil breis gaelscoileanna nua ag teastáil ó chuid de na páirtneoirí oideachais eile, dream a fhéachann orthu mar bhagairt seachas mar rogha oideachais eile do thuismitheoirí, rogha a dhéanann saibhriú ar an gcóras oideachais in Éirinn i gcoitinne.

Níl an tAire tar éis aon ráiteas poiblí a dhéanamh i leith na moltaí seo, cé go bhfuil sé tar éis moltaí eile ón tuairisc chéanna a chur i bhfeidhm cheana féin, mar shampla na rialacha nua atá tagtha i bhfeidhm do gach scoil nua sa tír maidir le suíomh agus airgead caipitil ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Tá Gaelscoileanna ag glacadh leis mar sin go mbeidh na seanrialacha céanna i bhfeidhm do ghaelscoileanna nua do



Jacqueline Ní Fhearghusa

Ach arís, ar eagla na míthuisceana: ní bheidh aon athrú sna rialacha d'aon ghaelscoil le haitheantas buan nó le haitheantas sealadach maidir le suíomh nó costas tógála foirgnimh bhuan.

Iócfaidh an Roinn as 100% de chostas na suímh agus as 100% den chostas tógála (ní bhíonn halla scoile san áireamh ansin).

Tiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm do ghaelscoileanna nua a bheidh bunaithe sa bhliain 1999 agus ina dhiaidh sin. Beidh an suíomh fós á cheannach do na scoileanna sin ach beidh íocaíocht áitiúil de 5% i gceist don chostas tógála, le huasmhéid de £50,000.

Maidir le costas deisiúcháin srl. (oibreacha móra a bheadh i gceist anseo, mar shampla, díon nua nó fuinneoga nua), tá an costas áitiúil íslithe ó 15% go 10%, le huasmhéid de £25,000.

Má tá aon cheist ag aon scoil faoi seo is féidir leo glaoch ar an oifig.

Caidreamh leis an Roinn

ÓS RUD É go bhfuil Gaelscoileanna aitheanta le tamall anois mar cheann de na comhpháirtithe oideachais, tá ionadaíocht ag an eagraíocht ar réimse leathan coistí comhairleacha agus grúpaí stiúrtha laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Ní raibh ach trí nó ceithre chruinniú ag an ngrúpa stiúrtha maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim nua athbhreithnithe i rith na bliana.

Tá cinneadh déanta faoi na hábhair a thabharfar isteach sna scoileanna ar dtús.

Tar éis achainí an-láidir ó Ghaelscoileanna beidh cead ag scoileanna rogha a dhéanamh an dteastaíonn uathu Béarla nó Gaeilge a thógaint sa chéad bhliain, bídís ina ngaelscoil, scoil Ghaeltacha nó fiú gnáthscoil.

Dá mba rud é gur roghnaigh an scoil

Béarla sa chéad bhliain bheadh an Ghaeilge le tógaint isteach sa dara bliain.

Dul chun cinn atá sa méid sin, mar bhí caint ann nach mbeifí réidh leis an nGaeilge a thabhairt isteach go dtí an tríú bliain.

An Tríú Mír

TÁ AN dara mír d'obair an Choimisiúin críochnaithe agus tuairisc an Ghrúpa Stiúrtha (maidir le critéir aitheantais do bhunscoileanna nua) foilsithe. Tá grúpa teicniúil ainmnithe anois agus i mbun oibre ar an tríú mír d'obair an Choimisiúin.

Seo a leanas na téarmaí tagartha don tríú mír:

- 1 Tabhairt faoi anailís chuimsitheach statisticiúil agus deimeagrafach ar mhaithe le cabhrú le dréachtadh polasaithe ar sholáthar scoileanna agus cóiríocht ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal.
- 2 Critéir agus próiseis a mholadh le haghaidh soláthar scolaíochta agus planála ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal, ag cur san áireamh cúrsaí iolrachais agus éagsúlacht éilimh laistigh den chóras oideachais chomh maith le héifeacht scoileanna beaga.
- 3 Eolas cruinn a sholáthar ar an soláthar scolaíochta reatha agus an scolaíocht a mheastar a bheidh ag teastáil. Maidir leis seo, d'fhéadfadh an Coimisiún féachaint ar cheantair éagsúla tíreolaíochta, iad siúd a mbeadh aird ar leith ag teastáil uathu, ach go háirithe.

Deirtear sna téarmaí tagartha: "The reports of the Commission will provide an important input into national policy decisions on school provision within the framework of available resources."

Ciallaíonn sé seo go bhfuil an tríú mír ar chlár oibre an Choimisiúin fíorthábhachtach ar fad. Tá ionadaí amháin ag Gaelscoileanna ar an

chuid an scéim agus glacadh leis an iarratas sin agus tugadh £100,000 don eagraíocht leis an scéim a chur i bhfeidhm.

Beidh cúig cheantar phíolótach i gceist. Is iad seo a leanas na ceantair: Cábhán, Lú, Muineachán agus Longphort.

Cuid de thuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath.

Oirdheisceart Co. Átha Cliath / tuaisceart Chill Mhantáin.

Ceantar Thuamhumhan.

Iarthar Chorcaí.

Séard atá i gceist leis an scéim ná go mbeidh duine fostaithe i mBaile Átha Cliath chun freastal ar an gcéad thrí cheantar agus duine i gCorcaigh chun freastal ar an dá cheantar eile.

Cabhróidh an bheirt oifigeach forbartha seo le scoileanna aonair agus leis na scoileanna sna ceantair roghnaithe plean a leagan amach chun labhairt na Gaeilge i measc tuismitheoirí agus i measc phobal na scoile i gcoitinne a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Beidh imeachtaí ar siúl sna scoileanna féin agus beidh imeachtaí ann idir na scoileanna sna ceantair roghnaithe. Beimid ag súil le tuairisc a fhoilsiú ag deireadh na tréimhse (2 bhliain) chun a scaipeadh ar cheantair agus ar scoileanna eile a mbeadh spéis acu tabhairt faoina leithéid.

Tá sé i gceist freisin go mbeidh an bheirt oifigeach ar fáil chun cabhrú le hobair na heagraíochta agus chun cabhrú le bunú scoileanna.

An Foras Pátrúnachta

SOLÁTHRAÍONN Gaelscoileanna seirbhísí éagsúla don bhForas, idir rúnaíocht, tacaíocht agus seirbhísí oifige.

Caitheann an feidhmeannach cuid áirithe dá cuid ama ag plé le gnó an Fhorais. Tá sé i gceist anois ag an

Tar éis achainí an-láidir ó Ghaelscoileanna beidh cead ag scoileanna rogha a dhéanamh an dteastaíonn uathu Béarla nó Gaeilge a thógaint sa chéad bhliain, bídís ina ngaelscoil, scoil Ghaeltacha nó fiú gnáthscoil

gCoimisiún agus ionadaí ag an bhForas, rud a chiallaíonn ar a laghad go bhfuil ionadaíocht réasúnta láidir againn.

Airgead Bhord na Gaeilge

D'FHÓGAIR Bord na Gaeilge roimh an samhradh seo caite go raibh scéim nua á chur chun cinn acu chun cur le deiseanna úsáide na Gaeilge don phobal.

Leathmhíllíún punt a bhí i gceist sa scéim agus bhí sé beartaithe an t-airgead sin a roinnt idir iarratais éagsúla.

Chuir Gaelscoileanna iarratas isteach

bhForas, áfach, stiúirthóir dá chuid féin a fhostú agus cabhróidh sé seo go mór le hualach oibre na hoifige a laghdú go pointe.

Chomh maith leis sin, cabhróidh sé go mór leis an difríocht idir Gaelscoileanna agus an Foras a shoiléiriú do dhaoine agus don Roinn Oideachais agus Eolaíochta ach go háirithe.


Sleachta as tuairisc an fheidhmeannaigh do chomhdháil bhliantúil Gaelscoileanna atá sa méid thuas. Tá eagar curtha orthu ag Guisle.

Forbairt na Gaeltachta

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíochta na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta.

Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo.

Guímid gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta '99 i Rinn Ó gCuanach

 **Údarás na Gaeltachta**

Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Fón: (091) 503100 Facs (091) 503101

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA PHORT LÁIRGE

I measc na gcúrsaí céime lánaimseartha tá:

25 bunchéim

20 dioplóma náisiúnta

18 teastas náisiúnta

Deiseanna do mhic léinn iarchéime

Ceimeanna máistreachta tré theagasc

(Msc, MBA, MBS)

Cláracha taighde i gcomhar iarchéime

• 5,100 mac léinn lánaimseartha

• 4,000 mac léinn páirtaimseartha

• Páirt Ghníomhach i dtionscainh agus i malartú san Eoraip

• Institiúidí i gceithre áit i gcathair Phort Láirge

• Ceangal mór leis an tionsclaíocht, an tráchtáil agus an pobal.

• Áiseanna i gcomhar na mac léinn: bialanna, siopaí, páirceanna imeartha, cúirteanna leadóige, ionad sóisialta a bhfuil beár ann, halla ilfheidhmeach, lóistín ar an gcampus, seirbhísí rúnaíochta, bancanna.

• I measc na bhfoilseachán d'iarthóirí, tá láimhleabhar faoi na cúrsaí lánaimseartha, bileoga, agus an Adult and Continuing Education Prospectus and Leaflets.

Is comhlacht campus de chuid Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge é Innovation Promotion Limited. Cuireann an comhlacht réimse leathan seirbhísí ar fáil ó lucht léinn agus gnó, ina measc forbairt bogearraí, oiliúnt, comhairleoireacht, CAD agus na hilmheáin (teil: 051-354578)

peil agus piontaí sa rinn

BEIDH PEILEADÓIRÍ na Gaeltachta ag teacht le chéile arís i gceann beagán seachtainí mar is gnách leo ó 1969. Beidh siad ann ó cheann ceann na tíre agus ardchoimhlint le feiceáil i Rinn na nDéise. Beidh tionól na gcarad ann, agus scoth na Gaeilge, agus cuma cé a sciobfaidh an chraobh, beidh a scéal féin ag gach foireann i ndeireadh báire. Seo í an dara huair a bheidh triail na bpeileadóirí ar na Déise, agus cinnte táthar ag tnúth le togha na gcluichí.

Is thiar i 1984 a himríodh an Comórtas sa Rinn agus sa tSean-Phobal go deireanach, ach tá difríochtaí móra idir é a eagrú anois agus é a eagrú cúig bliana déag ó shin, níos mó foirne ann, agus a lucht leanta. Labhair **MacDara Mac Donncha** le **hIrial Mac Murchú**, Rúnaí an Choiste Áitiúil, faoi **Chomórtas Peile na Gaeltachta**.

MacDara: Cé mhéad foireann a bheas ag teacht?

Irial: Beidh sé fhoireann déag ann, idir shóisear agus shinsear, agus beidh trí fhoireann ban ag teacht chomh maith. Táimid ag súil le thart ar mhíle cuairteoirí ar fad. Cosnaíonn sé cúpla scilling é seo go léir a reachtáil, gan amhras, agus is mór againn an chabhair airgid a bheidh ag teacht ó urraitheoirí an chomórtais.

MD: An mbeidh aon rud eile ar siúl seachas an pheil?

I: Beidh cinnte. Chomh maith le Comórtas an Chailín Ghaelaigh, beidh comórtas gailf ar ghalfhúrsa Iarthar Phort Láirge, beidh tráth na gceist boird sa tSean-Phobal, agus beidh comórtas liathróid láimhe anseo sa Rinn. Ó cuireadh an coiste le chéile san Fhómhar seo caite, tá siad ag teacht le chéile go rialta, agus tá ullmhúcháin de gach saghas déanta, á

ndéanamh, agus tuilleadh fós le déanamh! Leathnófar an pháirc imeartha agus tógfar árdán beag. Chomh maith leis sin, beidh beár á rith ag an gCumann sa Halla Pobail, agus beidh céilithe, agus ar ndóigh oíche na gCailíní Gaelacha ar siúl ansin.

MD: Tá deich gcluiche le n-imirt ar an Satharn: an mbeidh brú oraibh ó thaobh páirceanna de?

I: Tá an t-ádh linn go bhfuil páirceanna imeartha breátha againn anseo san Déise! Imreofar cluichí ar an Satharn sa Rinn, sa tSean-Phobal, agus i bpáirc Dhún Garbhán. Dóibh siúd nach féidir leo taisteal chuig an gceantar, ní chaillfidh siad mórán den imirt. Idir Raidió na Gaeltachta, dream atá dlís don gcomórtas le fada, agus TnaG, tá tuairisc iontach á tabhairt anois ar na cluichí. Beidh trí chluiche á gcaoladh beo ar TnaG, an

Páidí Ó Sé i gCluiche Ceannais 1986

Tá aithne mhór ar Pháidí Ó Sé, agus tá ocht mbonn Uile-Éireann ina sheilbh aige. Bhuaigh sé an Comórtas agus é ar fhoireann na nÁghasach i 1974. D'imir Páidí go crua agus bhí i mbarr a mhaithseasa ins gach cluiche peile dar imir sé riamh. (pic: Billy Stickler/INPHO)

dá chluiche ceannais Dé Luain, agus an cluiche leathceannais sinsir Dé Domhnaigh. Ar ndóigh, taispeánfar na buaicphointí ó mórán gach cluiche ar chlár fé leith.



MD: Céard iad na buanna atá ag an Chomórtas Peile?

I: Chomh maith leis na cluichí iontacha, bíonn teacht le chéile na seanchairde – an t-aon uair sa mbliain do roinnt mhaith díobh. Bíonn ceol den scoth le cloisteáil, agus geallaim daoibh go mbeidh arís i mbliana! Agus bíonn ár dteanga ársa le cloisteáil go forleathan. Sibhse a bhí ag comórtaisí cheana, tá mé cinnte go dtiocfaidh sibh arís. Munar thug tú cuairt ar aon cheann fós, bain triail as ón 5ú -7ú Meithimh. Ní bheidh aon aiféala ort!

Willie Joe Padden

Is le Béal a' Mhuirthid agus Maigh Eo a d'imir Willie Joe Padden, agus é de cháil air gur féidir leis éirí go hard os cionn na talún. Níor bhuaigh sé aon bhonn Uile-Éireann, ach chroch a chumann Comórtas Peile na Gaeltacha leo faoi dhó, i 1984 agus 1985. Ní raibh mórán níos fearr ná é chun seilbh a fháil ar an liathróid ard i lár na páirce.

(pic: Billy Stickler/INPHO)

The population of Cape Clear Island is a stable 145, and since 1969 the local Co-operative has helped usher the island into the modern world. *Cape Clear Island: Its People and Landscape* by Éamon Lankford is a comprehensive document of an offshore community with great hopes of survival. **Úna Ní Chfósáin** read the book.

Oileán an dóchais

Cape Clear Island:

Its People and Landscape

Éamon Lankford



Thíos: Na Céadagáin ag sábháil an fhéir ar an mBaile Iarthach.

pic: Breandán Ó hUallaigh

MÚINTEOIR MEÁNSCOILE i gcathair Chorcaí is ea Éamon Lankford. Cheannaigh sé teach saoire ar Oileán Chléire i 1976 agus is ansin a thosaigh an spéis agus an miontaighde ar shaol agus ar stair an oileáin atá anois ar fáil sa leabhar thuas.

Faoi mar a deir an t-údar linn i dtús an leabhair: “Tá léiriú déanta ó 1979, bliain i ndiaidh bliana, ar ghnéithe den colas seo le taispeántaisí i Láthair Oidhreacht Chléire. ‘Sé atá anseo i mBéarla ná feoil curtha ar chuid den ábhar sin.”

Tá caibidil i leabhar seo Lankford ar an dinnseanchas, caibidil ar an tseandálaíocht, an daonra, an fharraige agus an iascaireacht, an Gorta Mór, an t-oideachas, an éiceolaíocht, agus an seanchas.

I 1996 bhunaigh Lankford Coiste Logainmneacha Chorcaí, agus tá an spéis

atá aige i logainmneacha le feiceáil sa leabhar seo freisin. Mar a rinne Tim Robinson in Árainn, do chaith Lankford na blianta fada ag bailiú logainmneacha Chléire ó mhuintir an oileáin, ó dhaoine a bhfuil a bhformhór ar shlí na fírinne anois.

Insítear don léitheoir go bhfuil Cléire trí mhíle ar fhaid ó Phointe an Chuais Leithin go Pointe Ard an tSrutha agus míle go leith ar leithead ó Charraig Liúir go Botháin na Mná Boichte – agus a scéal féin ag gabháil le chuile ainm díobh seo.

Dóibh siúd a bhfuil suim faoi leith acu i gcúrsaí teanga, tá caibidil amháin ar chanúint an oileáin, sleachta ann a bhailigh lucht béaloidis sna 1930í. Tugann na sleachta seo as scríbhúin Chléire blas don léitheoir de sheanteanga an oileáin.

Ag déanamh cur síos ar obair an iascaire, mar shampla, scríobh Conchur Ó Siócháin: ‘San aimsir sin bhíodh a lán



báidíní iascaigh ag baint leis an Oileán. Báid iomartha ab ea iad, báid cheithre mhaide cuid acu, agus báid sé mhaide tuilleadh acu, agus de réir mhéid an bháid a bhíodh fir inti. An té ná bíodh bád aige féin bhíodh sé ag iascach i mbád a chomharsán. Deargáin is raidhsiúla a bhíodh le fáil, cé go mbíodh saghasanna eile éisc ann – cnúdaín, gabhair, pollóga agus ballaigh. Agus nuair a théadh sé isteach i ndeireadh na bliana thagadh colmóirí in aice an talaimh, agus dheinidís ábhar mór orthu san leis.

mionlearscáileanna le Fionnghuala Sweeney.

I gcúl an leabhair tá aguisíní de logainmneacha Chléire agus liosta na mbád a bhain leis an oileán ó 1860 i leith, chomh maith le liosta leabhar don té ar

agus ina gceann, is féidir taitneamh a bhaint as an leabhar cuma cén chaibidil a léifidh duine.

Don léitheoir ar suim leis stair agus forbairt oileáin na hÉireann, insíonn an leabhar seo scéal Chléire, áit a tháinig slán

“The continuing use of the Irish language by islanders on a daily basis may hold the key to the long-term future of Cléire”

Chomh maith le cur síos ar chruachás na n-oileánach i rith an Ghorta Mhóir agus gortaí eile na 1860í, tá eolas sa leabhar faoi thionscnaimh atá ar bun i gCléire

ós na 1960í i leith.

Bunaíodh Comhar-chumann Chléire i 1969 agus bhí sé mar phríomh-aidhm aige scéimeanna leictreachais, uisce agus seirbhísí eile a chur ar fáil do mhuintir an oileáin. Cuireadh coláistí samhraidh ar bun atá, ar nós na nGaeltachtaí eile, ana-thábhachtach fós do mhuintir Chléire.

Tá leagan amach taitneamhach ar an leabhar, go leor grianghrafanna idir dhaite agus dhubh is bán, léaráidí suimiúla, agus

mhaith leis dul níos doimhne sa scéal. Ós rud é go gclúdaítear na hábhair éagsúla ina gceann

ón meath mór a bhuaill oileáin go leor eile ó thús na haoise.

Scéal lán de dhóchas mar sin is ea scéal Chléire. Tar éis blianta fada de laghdú daonra, tá daonra seasmhach 145 ag cónaí ar an oileán anois, dar le daonáireamh 1996.

Ní fios céard atá i ndán do Oileán Chléire amach anseo ach dar le Lankford: “The long-term future of Cléire will depend on the capacity of islanders to create sustainable economic and social conditions which will retain and strengthen the unique characteristics of the island for future generations. The continuing use of the Irish language by islanders on a daily basis may hold the key to that future.”

Níl aon dabht faoin tábhacht a bhaineann le heolas ar stair agus ar chultúr na ndaoine i bhforbairt an oileáin, agus is cinnte go gcuirfidh an leabhar seo leis an stór mór atá bailithe cheana féin agus atá le feiceáil i Láthair Oidhreachta Chléire.

Ar fáil ó shiopa leabhar Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath, i siopaí leabhair eile, agus ó Láthair Oidhreachta Chléire, 13 Paráid na Díge, Corcaigh.

Mícheál T. Ó Céadagáin.
Baile Iarthach ar Oileán Chléire
pic: Breandán Ó hUallaigh



Trealchoagáí óg de chuid na Zapatista i Meicsiceo

LÍONTA LIOMBÓ

TÁ IMNÁI AR dhaoine faoin easpa eagarthóireachta agus cinsireachta a bhaineann leis an Idirlíon. Is féidir le haon duine aon ábhar is mian leo a chur in airde air. Tugann sin seans do dhaoine agus d'eagraíochtaí a gcás a réiteach, agus tugann se fóram dóibh. Ach is é an locht atá air go n-úsáidtear an suíomh mar dheis bolscaireachta. Fós féin, is fiú duit cuairt a thabhairt orthu, agus do bhreithiúnas féin a thabhairt orthu.

Doicéir na Seirbhíoch

www.serbia-info.com/news

MÁS NUACHT atá uait ó na Seirbhíoch, níl áit is fearr ná seo. Seo é an suíomh atá ag Roinn Eolais na hIugosláive. Tá sé leagtha amach go han-soiléir, agus tá cuimse eolais ann faoi nuacht, spóirt, agus eacnamaíocht an cheantair. Tá an t-eolas is deireanaí

ann faoi ionsuithe NATO, agus an dochar atá á dhéanamh don áit. Tá cóip de na haltanna a foilsíodh sna nuachtáin idirnáisiúnta ag caitheamh anuas ar ghníomhaíochtaí NATO le fáil ann. Tugtar seans duit ríomhphost a sheoladh chuig an bPríomh-Aire Stáit Mirko Marjanovic.

Más pictiúir ón gceantar atá uait, níl áit is fearr ná

www.welcome.to/NATO. Tá an suíomh frith-NATO seo lán le grianghrafanna a thaispeáineann toradh na buamála, agus tugtar faisistithe agus naitsithe ar cheannairí an iarthair. Tá pictiúir acu d'eitleáin NATO agus iad briste brúite ar an talamb, rud nach bhfeictear go minic ar nuacht an iarthair.

An locht is mó atá ar an suíomh seo go bhfuil sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir an damáiste a rinne buamaí NATO agus an damáiste a rinne ionsuithe talún na Seirbe.

Doicéir na Seirbhíoch

www.kosovapress.com

Ó tharla sa gceantar muid, is fiú cuairt a thabhairt ar shuíomh Arm Fúascailte Chosobhó (KLA). Déantar cur síos ann ar an mbaill atá ar an tír, agus tá sárphictiúir le fáil ann. Is fiú go mór an dá leagan atá ar an nuacht a léamh, leagan an KLA agus leagan na Seirbe, agus iad a chur i gcomórtas le chéile.

Tá eolas anseo ar stair an KLA agus ar na daoine a thit ar son na saoirse. Tá a gcuid polasaithe ar fad anseo maraon lena gcuid ráitisí reatha. De bharr an damáiste uilig atá déanta i gCosobhó, tá sé deacair ar an

KLA aon eolas a sheoladh chuig an domhan mór. Is beag slí eile acu seachas an t-idirfón! Is cinnte go mbeidh níos mó tráchta ar an suíomh seo as seo amach.

<http://osis.ucsd.edu/~ehg/>

IS BEAG duine nár chuala faoin ETA i dTír na mBascach. Is arm iad atá ag iarraidh flaithiúnas a bhaint amach do na Bascaigh leis an lámh láidir. Níl mórán eolas ar an suíomh seo faoi chursaí an náisiúin ina n-iomláine, ach tá beagán faoin ghluaiseacht na saoirse náisiúnta, rud a chlúdaíonn na gluaiseachtaí eiceolaíochta, cultúrtha, talmhaíochta, agus na ceardchumaimn.

Is iad 'Herri Batasuna', aontacht na ndaoine, an páirtí polaitiúil náisiúnach. Tá siad ag iarraidh seacht gcúige Thír na mBascach a aontú, ach tá cuid acu faoi rialtas na Spáinne, agus cuid eile faoin bhFrainc. Muna bhfuil tú róchinnte cá bhfuil an réigiún, tá pictiúir saithilíte le fáil ar an suíomh. Is féidir breathnú ar an gceantar ón spás agus tá córas zoom ann le teannadh isteach níos gaire do thalamh!

<http://burn.ucsd.edu/~ssady/>

IS BEAG eolas a bhí agam féin ar lucht leanúna Zapatista go dtáinig mé air seo. Mholfaim do chuile dhuine súil a chaitheamh ar an suíomh. Is fear é Emiliano Zapata a d'oibrigh le leasuilhe talún a chuir i bhfeidhm i dtús an cheid.

Shaothraigh sé go díograiseach ar son chearta na Mayan i gceantar Chiapas Mheicsiceo.


Tháinig beocht arís sa ghluaiseacht le blianta beaga anuas nuair a rinne na reabhlóidithe ionsaí ar roinnt mhaith cathracha i Meicsiceo i 1994. Is ag iarraidh eolas a thabhairt don domhan mór a bhí siad faoin geruachás ina bhfuil siad.

Ní raibh sé de chead ag muintir Mayan siúl ar an gcosán céanna leis an Ladino, duine de Spáinnigh Mheicsiceo, go dtí 1974. Ar feadh na gcianta, bhí siad ag sclábháocht ar fheirmeacha na ndaoine geala, agus airm phríobháideacha á gcoinneáil faoi chois. Tá ionad airm lonnaithe anois in aice le chuile bhaile beag a bhfuil daoine ann atá báidhitíil leis na Zapatista. Tá grianghraifeanna iontacha sa suíomh, agus is fiú cuairt a thabhairt air le hiad a fheiceáil.

Cathal Ó Cuaig



'Glantachán eifneach' i gCosobhó



Feirmeoir ag argóint le saighdeirí Meicsiceach i gceantar Chiapas

Is it a crime to defend yourself? Maolmhadhóg Ó F

Fabhalscéa

1 BHÍ Joseph Hick ag obair ina mhúinteoir meánscoile in aice le Liège sa Bheilg go dtí 1986 nuair a cuireadh ar fionraí é toisc gur cuireadh ina leith go mbíodh sé ag eascainí. Lánúin a rinne gearán ina choinne. Thug údarás na scoile éisteacht dóibh. D'fhéach Hick lena leagan féin den scéal a chur i láthair, ach diúltaíodh éisteacht dó. Nuair a theip air shíl sé nach raibh an dara rogha aige ach dul chun cainte le hiriseoir.


Sin an chéad bhotún. Briseadh as a phost é dá bharr. Ní ar bhonn an ghearáin a rinneadh an chéaduair, ach toisc gur thug sé aighneas príobháideach os comhair an phobail tríd an gcás a sceitheadh le hiriseoir.

Thug an múinteoir cás os comhair na cúirte i gcoinne na lánúna as é a chlúmhillleadh. D'éirigh leis. Ní raibh baint ar bith ag an scéal sin, áfach, lena chás mar mhúinteoir nach raibh post aige níos mó. Níor thug an scoil aird ar bith ar an mbreith.

2 Thug sé cás freisin os comhair na Cúirte Oibreachais i gcoinne údarás na scoile. Rinne an chúirt sin an dara botún. Mhaígh sí go raibh inniúlacht éigin sa scéal ag cigire de chuid an rialtais. Rinneadh achomharc.

Ba é an toradh a bhí ar an achomharc nach raibh aird a thuilleadh ar an bhfionraíocht ach ar an mbriseadh. Dúirt an chúirt gur ghá an caidreamh idir an múinteoir agus an scoil a bhreithniú féachaint an bhféadfaí é a thabhairt ar ais sa scoil. Ba leor, dar leis an gcúirt, na hailt sna nuachtáin agus an litir a scríobh an múinteoir chuig na húdarás mar ábhar chun é a bhriseadh as a phost. Bhí dearmad déanta ar an bhfionraíocht.

Dúirt an chúirt gur chlis ar an



múinteoir dílseacht a thaispeáint don scoil. Nuair a chuir sé an pobal ar an eolas faoina scéal, rinne sé go leataobhach é. Rinne sé éagóir ar an scoil agus ar údarás na scoile.

3 Ar ndóigh toisc é a bheith briste as a phost ba chuma leis an múinteoir an raibh an fhionraíocht i bhfeidhm fós. Níl ag teastáil uaidh ach a cheart mar dhuine agus a chlú mar mhúinteoir a chosaint.


Ó thosaigh sé an feachtas seo tá litir curtha aige in aghaidh an lae chuig Albert Houssiau, Easpag

Liège. Oiread agus freagra amháin ní bhfuair sé riamh. I 1995 chaith an múinteoir os cionn dhá mhí ar stailc ocrais láimh leis an Ardteampall in Liège ach níor tugadh aon aird air agus b'éigean dó éirí as.

Níor briseadh as a phost é toisc gur drochmhúinteoir a bhí ann. An breithiúnas a thug an Chúirt Oibreachais, ní raibh baint ar bith aige lena cháilíochtaí mar mhúinteoir. An t-aon choir a rinne sé, dar leis an gcúirt, gur labhair sé

kuairc reports on a teacher's nightmare in Belgium

I sa Bheilg



le hiriseoir agus gur chuir sé deireadh mar sin leis an muinín a

bhí ag a fhostaitheoir as.

1 ar fionraí - suspended; ag eascaíní - swearing, using bad language; lánúin - a couple; iriseoir - a journalist; briseadh as a phost é - he was sacked; aighneas príobháideach - private contention; sceitheadh - to divulge; clúmhillleadh - to defame.

2 an Chúirt Oibreachais - the Labour Court; mhaígh sí - it (the court) claimed; inniúlacht - competence; achomharc - appeal; fionraíocht - suspension;

caidreamh - relations, dealings; a bhreithniú - to examine; chlis air - he failed to; dílseacht - loyalty; go leataobhach - in an incomplete, biased way; éagóir - injustice.

3 i bhfeidhm - binding; clú - reputation; feachtas - campaign; oiread agus - as much as; stailc ocras - hunger strike; muinín - trust; fostaitheoir - employer.

4 dlí an tosta a shárú - to transcend the law of silence; ar a

4 Labhair sé leis an iriseoir mar bhí lucht na scoile ina dtost, agus bhí sé scanraithe. Bhí eagla air go mbrisfí as a phost é mura gcuirfí deireadh leis an tost. Agus briseadh as a phost é toisc gur chuir sé féin deireadh leis an tost. Peaca marfach é dlí an tosta a shárú, a dúirt Easpag Liège.

Le dhá bhliain déag tá Joseph Hick ar a shaindicheall ag iarraidh gan fanacht ina thost níos mó. Tá sé ag clamhsán agus ag gearán de shíor chun go gcloistear a ghlór, chun tabhairt ar na húdaráis eaglasta a chás a phlé.

Ach tá tost ann fós ar an taobh eile. Ní deirtear focal, ní déantar beart. Níl dualgas ar an easpag, ar údarás na scoile ná ar fhoras teagaisc an deoise aon chuntas a thabhairt don saol mór agus go háirithe do na nuachtáin. Bheadh iallach orthu a seasamh a chosaint os comhair na Cúirte Achomhairc ach níl an chúirt sin ann.

5 Tromluí uafásach é an tréimhse seo don mhúinteoir bocht. De réir mar a théann an t-am thart tá cuimhní na ndaoine a bhí páirteach ag maolú, agus tá a dhiongbháilteacht féin ag laghdú. Ina theannta sin, cuirtear ina leith freisin go bhfuil sé tar éis scéal mothúchánach a dhéanamh den chás toisc é féin a chosaint os comhair an phobail.

Cloistear go minic faoi éagóir a déantar ar mhúinteoirí toisc líomhaintí a bheith ina gcoinne agus toisc nach mbíonn rogha ag an scoil ach iad a chur ar fionraí. Ach duine a chur ar fionraí agus é a bhriseadh as a phost toisc nach raibh sé sásta leis an bhfionraíocht, sin pionós a bhaineann le haois eile ar fad.

shaindicheall - doing his utmost; tabhairt ar - to bring them to; dualgas - obligation; foras teagaisc - educational body; iallach - dualgas, ceangal.


5 tromluí uafásach - a terrible nightmare; ag maolú - becoming blurred; diongbháilteacht - resolve; mothúchánach - emotional; toisc - because of; líomhaintí - claims; fabhalscéal - fable; coir - crime; is mithid - is gá, is ceart.

SCIORRADH PINN

Gach mí, foilsíonn Cuisle shocht próis le scríbhneoir cumasach. Más beag leabhar Gaeilge a léann tú, tá súil againn saothair mhaithe a chur ar do shúile duit. Más mór do dhúil i léamh na Gaeilge, ach gan fios agat cén taobh a gceasfaidh tú, tá súil againn gur treoir duit a bheas i rogha Cuisle.

L'ATTAQUE le hEoghan Ó Tuairisc
Mercier

L.113
n. leabhar



SCARAIGI AMACH ar chlé!

D'éirigh siad aniar as an aiteann, rug greim ar na pící, d'amharc faoi mhaláí an amhrais ar Robert Craigie a bhí chucu agus an mana míleata sin ina bhéal. 'A chomplacht, ar chlé, scarraigí amach!' Bhog siad cúpla coiscéim go doicheallach ina threo, guaiseacht stalctha ceannairce fúthu.

'Brostaí, a fheara. Táimid chun dul i gcomhar leis na Francaigh sa chéad ionsaí eile.'

Ionsaí eile. Ní hea, a chailleach, ach eirleach eile. Iarracht eile ar fhéinidiú. Chuile dhíomá orthu ach go raibh siad bréan díobh mar ionsaithe. A mairg nár fhan sa bhaile chun dul i mbun oibre an mhaidin bhreá Luain seo agus gan

dul ar thóraitocht an ghadhair gan fios a dhatha, gan dul chun pléiseam a dhéanamh do ghunnadóirí na Breataine, gan éirí amach chun leasú talaimh a fhágáil ar phlántaí Mhaigh Eo. Agus an Protastúnach mioscaiseach mearaí sin Craigie á ngríosú chun a n-aimhleasa.

'Brostaí, a fheara! Ionsaí eile! Lear intinne eile! An Gealtán Craigie ab ainm don seanbhuachaill agus ba dhual athar don mhac é. As a chéill a bhí sé, glan bán oscartha as a chéill. A chapall féin cailte de mhatalang ar an sliabh, láirín dearg an tsagairt ina phleist ag beathú na gcuileog áit éigin amuigh ar an riasc, a hata ar iarraidh, liúr dúghorm ar a uisinn, an t-allas ina phéarlaí ar na malaí mothallacha chuige, camchlaíomh seanaimseathra an robálaí farrige ina dhóid. An fastaímeach. Wolfe Tone beag ina intinn féin.

aiteann - gorse
malaí an amhrais - a doubtful look on their eyebrows
mana míleata - military cry
doicheallach - begrudgingly
guaiseacht stalctha ceannairce - a stiffened air of mutiny
eirleach - slad, ár, sléacht
féinidiú - self-destruction
Chuile dhíomá orthu - mí-ádh ar na hionsuithe!
bréan - tuirseach
mairg - faraor, nach trua
tóraitocht an ghadhair - hunting the dog
gan fios a dhatha - without knowing its colour
pléiseam - amaidí, seafóid
plántaí - plains

mioscaiseach - cantalach, gránna
mearaí - crazy
gríosú - brostú, spreagadh, inciting
aimhleasa - rud nach leas, dochar
Gealtán - duine buile, a madman
ba dhual athar don mhac é - bliú an mac mar a chéile leis an athair.
As a chéill (ciall) - as a mheabhair
matalang - tubaiste, mí-ádh
láirín - little mare
liúr - stick
ar a uisinn - raised temple-high
na malaí mothallacha - bushy eyebrows
camchlaíomh seanaimseartha - an old-fashioned rapier
ina dhóid - ina lámh, ina dhorn
fastaímeach - messer

CONAMARA

Fataí fuara

Fear feasa

Fadó

Fíorlá.

Fucséc

Fíor dhuit

Fada liom

Frig all.

Feistí:

Fiosrach

Forbairt

'S Fianna Fáil.

Fairplé dhuit, a Pheadair.

Fámaíri

Fiacha

'S faoileáin ar an trá.

-DJ

COMÓRTAS

Céard is ciall le:
comhghéilleadh?

- 1 relinquishing of national territory
- 2 family planning
- 3 compromise

Síntiús bliana is aisce don chéad fhreagra ceart aníos as an hata, nó ceann do chara leat má tá síntiús agat cheana féin. Seol do chuid freagraí chuig: Cuisle, Casla, Co na Gallimhe, nó cuir ar an ríomhphost iad chuig: cuisle@tinet.ie roimh an 15 Bealtaine.

Buaiteoir na míosa

Céard is ciall le: éadúchas?

COMHGHARDEACHAS le Seosamh Mac Muiri. Sígeach, a bhuigh comortas na míosa seo eite. A sense of placelessness an freagra a bhí a lorg againn ar éadúchas. Tá síntiús bliana ar a bhealach chuige. Tá muid buíoch dár léitheoirí uile a chuir iarratais isteach ar an gcomórtas

Leagan Cainte

Caithfidh muid socrú a dhéanamh



Liam Mac Con Iomaire

Nuair a fiafraíodh den phainéal an nglacfaidís leis an leagan cainte seo: 'Caithfidh muid seasamh a thógáil ar an gceist seo' dúirt Seosamh Ó Cuaig go dtagann aimhreas air i gcónaí nuair a chloiseann sé an focal 'ceist' mar gur ón *cliché* Béarla, 'the Irish question' agus a leithéid, a thagann sé. B'fhéarr leis caithfidh muid socrú a dhéanamh faoi seo nó caithfidh muid ár n-intinn a shocrú faoi seo nó caithfidh muid teacht ar réiteach faoi seo. B'fhéarr le Eibhlín Ní Mhurchú an focal 'seasamh' a sheachaint i gcás mar seo agus caithfidh muid teacht ar chinneadh a rá. Dúirt Dónall Ó Baoill go mbeadh sé ceart go leor 'seasamh' a úsáid in abairtí mar *Sheas se lena thuairim* nó *Sheas sé lena fhocal*. "Is é an rud atá ag tarlú – tá an dá theanga ag dul i bhfeidhm ar a chéile. Tá aistriú á dhéanamh ar chora cainte Béarla go Gaeilge glan díreach agus sin é atá anseo".

Is é an Béarla gnáth-theanga na Gaeltachta?

"Ach tá rud níos doimhne i gceist" a dúirt Seosamh. "Má ghlacann muid leis gurb é an Béarla gnáth-theanga na Gaeltachta anois, gnáththeanga teallaigh na Gaeltachta agus gnáth-theanga óige na Gaeltachta, rud atá éasca a chruthú, agus má ghlacann muid leis freisin gur leath Béarla agus leath Gaeilge atá i gcaint fhormhór na ndaoine óga atá ag labhairt na Gaeilge, is é an fáth atá leis sin go bhfuil leaganacha nó *clichés* Béarla ann agus gur cuid den saol iad agus mura bhfuil aistriúchán atá gar don Bhéarla acu ag an nóiméad sin is iondúil gurb e an rud a dhéanann siad an Béarla a chur isteach díreach glan sa nGaeilge. Anois, an bhfuil muide ag cur ár gcuid ama amú ar

bhealach, ag iarraidh a bheith ag tabhairt isteach dea-Ghaeilge nach bhfuil beo in áit ar bith ach istigh in ár n-intinn féin – rudaf a chuala muid ónár máthair nó ónár seanathair – nó arbh fhéarr ar fad dúinn a bheith ag tabhairt *clichés* Gaeilge do dhaoine

féin uirthi."

Dúirt Dónall arís gurb é an deacracht atá ann go bhfuil an dá theanga in iomaíocht le chéile. "Measaim gur cheart na rudaf a bhí ann a choinneáil agus feabhas a chur orthu má thig linn. Ach tá faitíos orm,



Ní uasal ná íseal ach thuas seal agus thíos seal

agus a rá 'tuigfidh chuile dhuine é sin'? Tá chuile dhuine 'ag tógáil seasamh ar cheisteanna' agus má tá an rud sách nua-aimseartha i nGaeilge ar an gcaoi sin, agus má thugtear i mBéarla freisin é, b'fhéidir go n-úsáidfidís é."

Dúirt Eibhlín nár theastaigh uaithe glacadh leis gurb é an Béarla gnáththeanga na Gaeltachta agus go gcuirfeadh sé sin an-mhairg uirthi. "Ba mhaith liom go mbeadh an Ghaeilge atá againn ina teanga agus gur teanga iomlán í agus a struchtúir

mar a dúirt Seosamh ansin, go mbeidh sé an-deacair orainn stop a chur leis na rudaf eile. Más í gnáthchaint na ndaoine atá i gceist againn tá siad amuigh ansin cheana féin agus déarfainn go dtiocfaidís isteach luath nó mall.

In éineacht le Liam Mac Con Iomaire ar an gclár Leagan Cainte ar Raidió na Gaeltachta, bíonn Eibhlín Ní Mhurchú, Seosamh Ó Cuaig agus an Dr Dónal Ó Baoill. Bíonn siad le cloisteáil ar an Aoine ar 3.30 p.m.



AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

BHUAIL MÉ le Johnny Mhairtín Learaí Mac Donnchadha tamaillín gairid ó shin agus i measc na n-amhrán a chas sé bhí an ceann seo. Amhrán álainn grá atá ann agus fonn álainn ag gabháil leis. Tá sé ag Johnny ar a cheirnín Bruach na Beirtrí Gael Linn 1986 (CEF 117).

Tá cúpla amhrán eile ann atá gaolta leis agus faightear cuid de na véarsaí ag snámh ó amhrán go hamhrán. Éist le Dúiche Sheoighe ar an taifeadadh Tógfaidh mé mo Sheolta (CIC 088) á chasadh ag Peatsaí Ó Ceannabháin mar shampla.

Tá amhrán/leagan eile faoin teideal Cuaichín Ghleann Neifín sa leabhar Amhráin Chlainne Gael (Cló Iar-Chonnachta) agus casann Peadar Ó Ceannabháin ceann dar teideal Tógfaidh mé mo Sheolta ar a dhlúth-dhiosca Mo Chuid den tSaol (CICD 131).

Tá an leagan thuas bunaithe ar an gcaoi a gcasann Pádraic Ó Catháin é ar an taifeadadh a chuir Topic amach sa mbliain 1968 Grand Airs of Connemara (4T177) cé go bhfuil corrfhocail anseo is ansiúd difriúil ann. Tá sé ar an gceirnín Seosamh Ó hÉanaí Gael Linn 1971 (CEF 028) agus tá sé ar fáil freisin i leabhar Bhrian Uí Ruairc *Blas Meala*, áit a bhfuil aistriúcháin go Béarla déanta air chomh maith. Smaoiním freisin ar Sheosamh agus Phádraic Ó Flaithearta as Coill Sáile i gCill Chiaráin aon uair a chloisim an t-amhrán seo.

Bheadh sé spéisiúil a fháil amach an bhfuil aon eolas ag aon duine faoin gcúlra atá ag an amhrán seo. Cérbh iad Séarlas Ó Fathaigh agus Seán Seoighe mar shampla? Ar cumadh an t-amhrán i gContae Mhuigh Eo? Tá Néifinn i gCondae Mhuigh Eo agus tá dhá áit ar a laghad darb ainm Béal an Átha Fada, i gContae na Gaillimhe agus i gContae Shligigh.

Ar ndóigh athraítear ainmneacha dílse agus logainmneacha go minic sna hamhráin. Féach an véarsa seo a leanas ó Threasa Mhic Fhlaiheartaigh as Oileán Thoraí. Tá sé tógtha ón amhrán *Is deas an buachaill fóinteach mé* atá ar an dlúthdhiosca *Amhráin ar an Sean-Nós* (RTÉ CD 185):

'S tiocfaidh smúid ar a' spéir ar a' ghrian 's ar a' ghealaigh,
Tiocfaidh dealramh ar mo shúile 's ní léir dhom na bealaí,
Tá cuach i nGleann Éinne 's ní féidir di pilleadh,
'S cha scarfaidh mo ghrá go héag leat nó go dté mé 's tú i dtalamh.

Cuaichín Ghleann Néifinn

Tá féar fada 'gus fásach i ngleanntán álainn i bhfad ó bhaile,

'Gus tá úllaí agus dealraí ag fás go hard ar bharr crann ann.

Dhá mbeinnse 's mo stóirín pósta 's an saol ag gabháil mar ba cheart linn,

Bheadh an t-airgead inár bpócaí 'gus luach an óil ag bean a' leanna.

*'S tá smúit ar na réalta, ar an ngréim 's ar an ngealach,
'S ar amharc mo shúil' féin is ní léir dhom an bealach,
I ndiaidh Chuaichín Ghleann Néifinn nár fhéad mé riamh a mhealladh,*

'Gus a stóirín tabhair ón bpéin mé ós í do mhéin bhreá atá do mo lagan.

'S dhá mba liomsa oileán Éireann trí chéile 'gus an Bhreatain,

*Nó a bhfuil den ór craobhach ag Séarlas Ó Fathaigh,
Óra thabharfainn uilig an méid sin as ucht mo chéad searc a bheith agam,*

I ngleanntán bhinn Néifinn nó i mBéal an Átha Fada.

'S tá cailín óg deas ar bharr a' tsleibhe is deas a' féirtín í le mealladh,

'Gus chaith mé an oíche aréir léi a' súil is go bhféadfainn í a thabhairt abhaile,

Gur chúitios le Seán Seoighe a' gabháil romhamsa ar mo bhealach,

'S gur bhain sé coróin dhíom ar mo lóistín, 'gus sé pingne ar mo leaba.

Agus fágfaidh mise an áit seo mar atá sí an-uaigneach,


'Gus rachaidh mé a' tóraíocht mo mhíle stóirín ins gach áit a bhfaighfidh mé a tuairisc,

Ní léir dhom na crosbhóithrí 'gus tá na deora do mo dhalladh,

'Gus is é mo léan gear gan teach mo lóistín san áit a gcóiríonn tú do leaba.

Más mian leat ábhar a chur faoi bhráid Antaine nó ceist a chur air faoina bhfuil ráite, cuir ríomhphost chuige ag cuisle@tinet.ie nó seol nóta isteach chuige faoi chuiram Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe.

Continuing our series on Connemara placenames, Tim Robinson takes a look at the ebbing tide



TIM ROBINSON

Camchuairt Chonamara

Leagan Gaeilge le Brídín Nic Dhonncha

TÁ BAILE Ros Muc féin suite soir ó dheas ar an leathinis seo a raibh mé ag trácht uirthi sna haltanna deireanacha a scríobh mé. Téann bóthar an chósta isteach ann ón Turlach Beag tríd an mBaile Thiar agus críochnaíonn sé sa mBaile Thoir, nó An Siléar mar ab fhearr aithne air.

Tugtar An Siléar ar an mbaile seo mar go mbíodh seanáit stórála ceilpe gar don chéibh ann. Tá séipéal idir an dá bhaile beag seo a tógadh i 1844. Tugtaí Séipéal Naomh Bhreacáin air sna blianta siar agus i 1957 tugadh Séipéal an Ionchollaithe air.

Tá bothar beag ag dul siar ón Siléar go dtí An Ghairfean ar a dtugtar Bothar an Chaimbéil. Caimbéil a bhí ar an saoise a bhí ag obair ar an mbothar sin nuair a leagadh é.

Idir an bothar agus an cósta ó dheas tá tithe an bhaile bhig ar a dtugtar an An Cladach. Tá dhá oileán bheaga buailte le cósta anseo. Inis Eilite ceann acu, í íseal, cothrom. Tuigtear dom go bhfuil teach amháin ar an oileán sin a bhfuil cónaí fós ann.

Cladhnach a tugtar ar an áit a mbíonn go leor claíocha agus driseacha, agus seo é an t-ainm atá ar an oileán eile. Tá cnocáin agus fásra ar an oileán seo, agus níor chonaigh éinne ann le blianta beaga anuas cé gur furasta dul go dtí é nuair atá trá ann.

Taobh amuigh de na hoileáin seo i gcaol Chuan Chamuis, idir Ros Muc agus Camus féin, tá carraig mhór ar a dtugtar Carraig na hEilite, cloisim

Carraig Léim na hEilite á thabhairt uirthi chomh maith. Mar a tharlaíonn sé tugtar Na Léimeanna ar na cuislí seo idir na carraigeacha toisc go mbíonn



sodar faoin uisce agus é mar a bheadh eas ar feadh cúig mhíle ar na carraigeacha, mar tá an oiread carrigeacha san áit seo go mbíonn an t-uisce fós ag dul amach sa bhfarraige ag an am céanna a bhfuil an taoille ag ardú sa bhfarraige mhór ó dheas.

Tá ainm ag chaon cheann de na léimeanna seo, ina measc tá Léim na hEilite, an léim is giorra do Ros Muc agus tugtar Léim Hughie Connolly ar seo freisin. Deirtear gur léim sé thairis agus é ag teitheadh ó dhúine nó ó dhream éigin. Ba mhaith liom tuilleadh eolais a fháil faoin scéala seo.

Ansín tá an Léim Mhór, nó Léim an tSagairt mar a b'fhearr aithne uirthi atá ar thaobh éigin de Charraig na hEilite thuaidh sílim. Bhíodh cead ag an sagart feamainn a bhaint de seo.

Tugtar an Léim Bheag ar an gceann is giorra do Chamus. Chuala mé tagairt déanta don Léim Cham, Léim an Bhaile Thiar agus Léim Tíre. B'fhéidir go mbeadh bádóir éigin as Ros Muc a bhfuil an t-eolas seo aige in ann theacht i gcabhair orm agus insint dom go díreach cá bhfuil na léimeanna seo.

Tá roinnt ceantar eile thart faoin áit seo, ar chuala mé caint orthu freisin. Bheadh aithne mhaith ag daoine ar Charraig Chonaire, ba í seo an Charraig a choinníodh na Conairí a gcuid feamainne uirthi. Tá Carraig na Caithlí ann chomh maith, is feamainn de chinéal éigin í an Chaithleach.

Cloisim faoi áiteacha eile chomh maith. Ina measc tá Cora na Seanphortaí, An Chora Rua, An Chorainn Bhán, An Cimleach agus Bealach na gCoisméideachaí.

Bheinn thar a bheith buíoch dá bhfhéadfadh duine éigin mé a chur ar an eolas faoi na háiteanna seo. Ní féidir liom teacht orthu ar an léarscáil agus chomh fada agus is eol dom níl tada scríofa fúthu. Muna ndéantar anois é, is cinnte nach mbeidh tasc ná tuairisc ar na háiteacha seo i gceann scór blian.

Céadfhoilsíodh leagan Béarla den sliocht seo sa gCuradh Connachtach i 1985.

Simple Gifts

I S IOMAÍ gné de shaol Mheiriceá a ligtear i ndearmad. Gnéithe nach cuid de *weltbild* Hollywood iad. Cé hiad na Meiriceánaigh? Is comhnáisiún ilghnéitheach, ilchínoch, ilteangach iad. Más duine geal agus Béarlóir a bhíonn i gceannas sa Teach Bán, ná síltear go bhfuil cách mar é.

Ba mhaith liom trácht ar dhá dhream de mhuintir Mheiriceá a bhfuil a gcultúr is a gcreideamh féin acu. Mionlaigh iad araon, iad an-chosúil le chéile i gcúrsaí creidimh, ach an-éagsúil i

Mionlach beag a bhí iontu riamh, áfach, is anois níl ach buíon amháin fágtha, ochtar fear is ban. Is éard is cúis leis an meath san ná go bhfuil sé mar riail acu an gnéas agus pléisiúr na collaíochta a sheachaint. Ní raibh sliocht orthu le múnlú chun a nósanna is a gcreidimh féin.

Tá cáil ar na Shakers go fóill mar cheardaithe, agus is tá an-tóir ar a gcuid troscáin. Ba shiúinéirí cruthanta iad a sheachain gach saghas órnáidíochta. Ach i ndéanamh agus i gcuaranna a gcuid oibre bhí galántacht

rinne:

*'Tis a gift to be simple
'Tis a gift to be free
'Tis a gift to come down
Where we ought to be.
And when we find ourselves
In the place just right,
'Twill be in the valley
Of love and delight.
When true simplicity
Is gained,
To bow and to bend
We shan't be ashamed.
To turn, turn will be
Our delight,
Till by turning, turning,
We come round right.*



Caráistí Amish

gcúrsaí teangan.

Ó Shasana a sheol dream díobh i 1774, nuair a bhí na Péindlíthe ag lúf go trom ar go leor Protastúnach chomh maith le Caitlicigh. I Sasana Nua is ea a chuala duine díobh, Mother Lee, glaoch ó Dhia, agus is léir gur sa Sacsbhéarla a labhair Sé, mar ba Bhéarlóirí go smior a d'éist lena ghlór.

Bhunaigh Mother Lee cumann nua, United Society of Believers in Christ's Second Appearing. Ba ghairid nach raibh d'ainm orthu ach Shaking Quakers, agus anois níl d'ainm orthu ach Shakers.

thar an ghnáthach.

Tá eolas ar a gcuid amhrán go forleathan go fóill freisin, ach níor bhain siad úsáid as uirlisí ceoil, mar ní fhéadfaí, dar leo, cur le hobair Dé, an Té a chruthaigh guth an duine. Bhí an rinne mar chuid dá bpaidreoireacht, agus is dá bharr san a tugadh Shakers orthu.

Dhá amhrán leo a bhí forleathan ná *Lord of the Dance* agus *Simple Gifts*. Léiríonn *Simple Gifts* fealsúnacht na Shakers, is tá tagairt ann freisin dá stíl rinne — *bow, bend, turn*. Is meafar dá ndearcadh atá sa

Áirítear na Shakers ar na dreamanna a dtugtar *plain folk* orthu. Dream eile dá leithéid ná na hAmish. Mionlach iad siúd, freisin, ach tá siad ag fás go fóill. Ní hionann is na Shakers, tá a bpobal san bunaithe ar an dteaghlach, is clann mhór ag a bhformhór.

Is i Lancaster i bPennsylvania atá an chuid is mó díobh anois. Feirmeoirí éifeachtacha is ea iad, iad lonnaithe ar thalamh breá torthúil. Chomh fada agus is féidir leo, seachnaíonn an chuid is díograisí díobh an domhan mór. Feictear ar na bóithre iad ina gcuid carráistí



*Litr ar Meiriceá
Des Johnson*

beaga dubhliatha is na capaill dá dtarrac.

Ní ligtear fón ná teilifís isteach sa teach. Ní hé go bhfuil na gléasanna úd olc iontu féin, dar leo, ach gur tríothu a thagann drochthionchar an domhain. Cuid des na hAmish, tá fón acu ag ceann an bhóithrín ar fhaitíos an chruacháis.

Níl gluasteáin acu, ná tarracóirí. Chonac féin stócach amuigh sa ghort, é cúig bliana déag b'fhéidir, é ina sheasamh go bríomhar ar fhuirseoir leathan is dioscanna geala crua air ag lonradh sa ghréin, is os a chomhair amach dá tharrac, seisreach, sé chapall breá stuama.

Tá a scoileanna beaga féin ag na hAmish, ach níl aon séipéal acu. Gach ré seachtain, ceiliúránn siad an Domhnach sa bhaile, agus idir an dá linn is ag ceann de na feirmeacha a chruinníonn siad, rud is ionann agus na stáisiúin in Éirinn.

Nuair atá a bpáistí ar tí teacht in inmhe, tugtar bliain saoire dóibh, is cead acu a líf féin a roghnú. Filleann cuid mhaith díobh ar a bpobal féin. Dar le siceolaithe áirithe, is decair dóibh a mhalairt a dhéanamh mar gheall nach bhfuil siad oile ar nós ar bith eile.

Na Shakers, agus na hAmish, dhá mhionlach a sheasann an fód in aghaidh chultúr na linne. Agus tá teanga na hAmish gan báthadh ag an Bhéarla fós. Ina measc féin, labhrann siad seanchanúint Gearmáinise. Ní fios cé chomh fada go ngéille siad do mhealladh an domhain mhóir, *jeans, burgers*, agus MTV. Ach tá a gcuid saibhris féin fós acu.



	Uimhir an Chuntais	Cód
Banc na hÉireann	55624080	90-37-95
TSB	69022009	99-07-01
AIB	33627078	93-10-12



MAIDIN SA mBEALTAINE a bhí ann. Bhí an ghrian ag gáirí sa spéir, agus fuinneoga an tí ar leathadh. Ag cur uisce ar na bláthanna a bhí Máirín, agus Rua agus Nua ina suí sa bpóirse ag sú na gréine. Go hard os cionn na dtithe, bhí na fáinleoga ag déanamh a gcuid cleasa, iad ag scuabadh anonn is anall gan tuirse.

"Cá mbíonn na fáinleoga sa ngeimhreadh?" arsa Nua.

Leag Rua uaidh a pháipéar nuachta.

"Ó", ar sé go mall, staidéartha, "bíonn na fáinleoga i bhfad ó bhaile sa ngeimhreadh."

"Ba mhaith liomsa a bheith i m'fháinleog," arsa Nua.

"Chaithfeá imeacht sa ngeimhreadh mar sin," arsa Rua.

"Ach thiocfainn ar ais in am don dinnéar," arsa Nua.

Rinne Rua gáirí na seanleon mantach. "Chuig an Afraic a théann na fáinleoga sa ngeimhreadh, a Nua," ar sé.

"An Afraic!" arsa Nua,



Nua agus n

iontas air, agus eagla.

Tháinig Máirín isteach sa bpóirse, agus leag sí crúsca uisce ar leic na fuinneoige. Bhí rósanna sa bpóirse aici. "Nach álainn an mhaidin í!" ar sí.


"A Mháirín, an bhfuil a fhios agat go dtéann na

fáinleoga chuig an Afraic sa ngeimhreadh?" arsa Nua, agus é ar bís.

"An dtéann?"

"Bíonn siad ann ar feadh an gheimhridh, ach bíonn sé ina shamhradh ann.

Fáinleog mise, féach," arsa Nua agus chaith sé léim



a Fáinleoga

mhór . . .

Búm! Plimp! Thit crúsca uisce Mháirín, agus rinne sé smidiríní. Chuaigh an t-uisce ar fud an urláir.

"A Nua, féach!" arsa Máirín go crosta, "tá mo chrúsca breá briste agat!"
Chuir Nua pus air féin.

"Go réidh anois," arsa Rua, níl ann ach braon uisce. Glanfaidh mise é."

Lig Máirín osna.

Ghlan siad an praiseach le chéile, agus chuir siad na píosaí gloine ar fad sa mbin.

Tar éis tamaillín, labhair Nua le Rua. "An bhfaca tusa

na fáinleoga nuair a bhí tú i do leon beag san Afraic?" ar sé.

"Chonaic," arsa Rua, "d'fheicinn chuile bhliain iad. Bhí nead acu os cionn mo sheomra. Agus chuirinn ceist orthu. 'Cá mbíonn sibh, a fháinleoga, cá mbíonn sibh sa samhradh?' a deirinn leo."

"Agus céard a dúirt siad leat?" arsa Nua.

"Dúirt siad liom gur i dtír i bhfad ó bhaile a bhíonn siad, sa tír ghlas, áit a bhfuil an t-uisce go flúirseach, agus faoiseamh ón teas mór a bhíonn ag dó na hAfraice sa samhradh, agus na huain ag méileach sna páirceanna."

"Ó," arsa Nua, ba mhaith liomsa dul chuig an tír ghlas. An bhfuil sé i bhfad?"

"Níl, ach caithfidh gach caitín a bhealach féin a dhéanamh ann."

"Cuirfidh mé ceist ar Mháirín," arsa Nua, "ar ball."

Thóg Rua a pháipéar arís, agus shocraigh sé na spéaclóirí ar a shróin. Bhí Nua ag faire ar na fáinleoga agus é ag brionglóidí. Chuirfeadh sé ceist ar Mháirín. Faoin mbealach chuig an tír ghlas. Ar ball.

(Ar lean an mhí seo chugainn)



Living the music

DESPITE the big international profile of Irish traditional music, and other changes, the informal *seisiún* lives on. In Goirtín on a Monday night, in Macroom on a Wednesday, and in many's the dimly-lit pub around the country, you can still sit in and enjoy its warmth.

Some of the musicians play to relax after work, but others may have a list of recordings to rival Yehudi Menuhin, teach regularly, dabble in broadcasting or reviews, or turn their hand to making or repairing instruments.

Traditional music is now big business, fuelled by the heritage and tourism industries, greater professionalism in production and management, and by a recent tendency towards institutionalisation.

The current syllabus and system of traditional music examinations jointly developed by Comhaltas Ceoltóirí Éireann and the Royal Academy of Music is a pointed example of this attempt at institutionalisation and control.

Senator Labhrás Ó Murchú, Director General of Comhaltas, recently found himself the focus of media attention as his report on traditional music for an Oireachtas committee was slammed as being partisan and incomplete.

The strength of the reaction to the report may have dealt it a fatal blow, but many questions remain about the future of the music.

Against this backdrop, **Diarmuid Johnson** spoke to the Cork-based musicologist and flute-maker, **Dr Hammy Hamilton**. He asked him about the status of Irish music as an academic discipline, and if it suffers from too close an association with the world of classical music.

'Is é mo l


DIARMUID JOHNSON: An ábhar léinn atá i gceol traidisiúnta na hÉireann? (*Is traditional Irish music an academic discipline?*)

HAMMY HAMILTON: Is léir domsa nach gá do cheoltóir ar bith dul chuig an gcoláiste ar mhaithe leis an gceol traidisiúnta a sheinm go maith. Ar an taobh eile den scéal, más mian le duine staidéar a dhéanamh ar ról an cheoil i saol na hÉireann, is dóigh liom gur trí mheán na hacadúlachta is gá an staidéar sin a dhéanamh. Is é an nós atá ann

ó thús sa tír seo ná seinm an cheoil agus léann an cheoil a mheascadh ina chéile: tugann daltaí an cheoil chlaisicigh faoi sheinm an cheoil agus faoi colaíocht an cheoil ag an am céanna. Agus ó tharla go bhfuil dlúthbhaint ag léann an cheoil thraidisiúnta sa tír seo le ranna an cheoil chlaisicigh sna hollscoileanna, tharla an meascán seo arís eile, rud a chuir na mic léinn dá dtreoir ionas gur deineadh dochar don réimse ar fad.

DJ: Cé na gnéithe den ceol traidisiúnta is gá a chur san áireamh le léann a dhéanamh? (*What aspects of music and tradition need to be examined at an academic level?*)

HH: Féachann an eitne-cheoleolaíocht le tuiscint a fháil ar an gceol taobh istigh den tsochaí a chleachtann é. Dá bhrí sin, is ábhar maith léinn atá i ngné ar bith de nósmaireacht an cheoil. I measc na gceisteanna a bhíonn á bplé tá: conas a sheinntear an ceol? Cén teicníc atá ag na ceoltóirí? Cé hiad na ceoltóirí? Cén fáth a mbíonn ceol á sheinm acu? Cad is feidhm agus cad is úsáid don cheol? Is iad na ceisteanna seo is bunraith do léann an cheoil, agus is iad freagraí na



The music itself, hand the study of Irish at it as a cultural and
'Music department with the principles of
'If Irish music continues the academic study of ethnomusicology'

éann . . . !

gceisteanna seo a thugann léargas dúinn ar thábhacht an cheoil i stair chultúrtha na tíre, agus i bhféiniúlacht na hÉireann.

DJ: An ceart iarchéin sa cheol a bhronnadh ar dhuine nach bhfuil léamh agus scríobh an cheoil ar a thoil aige? (*Should a higher degree in music be awarded to a candidate who is not proficient in reading and writing music?*)

HH: Braitheann sé ar an gcineál ceoil atá i gceist. Más é an ceol claisiceach atá i gceist, ní mór a rá nach ceart, ó tharla léamh an cheoil a bheith chomh tábhachtach sa cheol sin. Más ceol a bhaineann le traidisiún gan scríobh atá i gceist, d'fhéadfadh an dá fhreagra a bheith ann, is ceart nó ní ceart. Is deis an-úsáideach do dhuine léamh agus scríobh an cheoil a bheith ar a chumas agus é ag dul don cheol neamhliteartha. Dá bhrí sin, bíonn léamh agus scríobh an cheoil ar a gcumas ag na heolaithe ceoil de ghnáth. Is dóigh liom gur sampla eile é seo den mhíthuisicint: ní hionann ceol a fhoghlaim ar mhaithe lena sheinm, agus foghlaim go hacadúil faoi ghné den chultúr.

DJ: An bhfuil sainmhíniú sásúil á dhéanamh ag lucht léinn ar an modheolaíocht is gá a chur i bhfeidhm ar réimse an cheoil thraidisiúnta? (*Are academics defining satisfactorily the methodology which need apply to the area of traditional music?*)

HH: Ní dóigh liom é. Bíonn drogall ar lucht na ranna ceoil cead teagasc a thabhairt d'éinne ach don té a bhfuil an oiliúint chlaisiceach air. Dá bharr

sin, na daoine a bhfuil cur amach mór acu ar ghnéithe tábhachtacha den mhodheolaíocht – an béaloideas agus an tsocheolaíocht, cuirim i gcás – ní ligtear dóibh ach cuid an-bheag den teagasc trúí leibhéil a dhéanamh. Mar bharr ar an donas, na daltaí a traenáladh ar an gcuma seo, sin iad na múinteoirí nua trúí leibhéil a bheidh ann don chéad ghlúin eile.

DJ: An féidir le duine ceol na hÉireann a thuiscint gan Ghaeilge a bheith aige, agus gan eolas ar thraidisiún na n-amhrán? (*Can Irish music be understood without a knowledge of the song tradition?*)

HH: Tá dhá thaobh ar fhreagra na ceiste seo chomh maith. Is iomaí ceoltóir traidisiúnta den scoth nach bhfuil Gaeilge aige agus gan tuiscint aige ar thraidisiún na n-amhrán aige ach chomh beag. Ach de bharr cúrsaí aoise, agus cúrsaí áite, tá daoine eile ann a bhfuil Gaeilge acu. An féidir tuiscint acadúil a fháil ar léann an cheoil Ghaelaigh i gcoitinne gan eolas ar thraidisiún na n-amhrán? Más í sin an cheist atá á cur agat, agus is dócha gurbh í, caithfidh mé a rá go láidir nach féidir. Caithfidh mé a rá freisin nach bhfuil an Ghaoluinn go flúirseach agam féin, bíodh is go bhfuil eolas agam uirthi.

DJ: An ceart Ph. D. *posthumous* a bhronnadh ar Willie Clancy? (*Should Willie Clancy be awarded a PhD posthumously?*)

HH: B'fhéidir é. Ach ní éireodh leis jab a fháil dá bharr i gcuid de na ranna ceoil atá ann faoi láthair!

Tionscal an cheoil agus tionscal an léinn

IS TIONSCAL BISIÚIL atá i dteagasc an cheoil thraidisiúnta: scoileanna samhraidh agus geimhridh in ómós do Willie Clancy, Josie McDermott, Frankie Kennedy agus a lán eile, agus éileamh mór ar na ranganna rialta, más iad Ceoltas, scoil na háite, nó Údarás na Gaeltachta atá ina mbun.

Chomh maith le seinm an cheoil, teicnic agus oiliúint, tá léann an cheoil ag eascairt i gcuid d'ollscoileanna na tíre. Tá an préamh ann le fada san ollscoil i gCorcaigh. Tá roinn ceoil ansiúd ón aois seo caite i leith. Scoláire le ceol claisiceach cois Laoi ab ea Carl Hardebeck, agus chuir comharba leis, an tÓllamh Hennebry, scoláire Gaeilge, cnuasach ceoil thraidisiúnta le chéile ann i 1912.

Bhí dáimh leis an gceol traidisiúnta in Ollscoil Chorcaigh le linn Sheáin Uí Riada agus Thomáis Uí Chanainn sna seascaidí agus sna seachtóidí. I rith na n-ochtóidí, de bharr mheon na roinne, d'éirigh le Micheál Ó Súilleabháin forbairt a chur ar an obair.

De bharr a chumais féin chun seinnte agus chun cóirithe, chomh maith leis an scoláirhacht, agus an caidreamh a shaothraigh sé leis an bpobal, is dóigh gurb é an Súilleabhánach an duine is mó a shamhlaítear le léann an cheoil thraidisiúnta sa lá atá inniu ann.

Tá an Súilleabhánach ina ollamh in Ollscoil Luimigh le tamall de bhlianta anuas. *The Irish World Music Centre* is ainm don aonad atá faoina chúram. Tá na scórtha ábhar iarchéimitne ag triall ar an *Centre* ó ceapadh ann é.

Suigh isteach i seisiún i Luimneach agus seans gur iarchéimithe agus dochtóirí ceoil atá i sciar de na ceoltóirí. Iad ag trácht ar an antraipeolaíocht, ar an tsocheolaíocht – ní áirim ar an bportar – idir na jigeannaí agus na rilleannaí.

Diarmuid Johnson

its performance, is not an academic discipline . . . On the other
sh traditional music from the ethnomusicological point of view, looking
behavioural phenomenon, is a legitimate academic pursuit'


s tend to give their students no more than a passing acquaintance
ethnomusicology'

inues to be treated as a sub-section of classical music studies,
of Irish music will become the poor relation of international

Údárás: 'Nights on the Beer'

TÁ CONRADH mor milis faighte ag an mbanna Gaillimheach 'The Bishop's Children' le Columbia Records. Conradh le sé albam a dhéanamh atá i gceist, agus gan sna 'Children' ach glasáin bheaga. Agus ba cheart go mbeadh dath glas – agus chuile dhath eile – ar Údárás na Gaeltachta má léigh siad an píosa seo sa *Galway Advertiser* an mhí seo caite:

"We decided to ask Údárás na Gaeltachta for a grant, we said we'd write a couple of songs in Irish. They sent us a check for £1,200, so we got a new kit and had a rake of nights on the beer."



An Phluais Ama

ÚRSCEÁL NUA do dhéagóirí is ea *An Phluais Ama* le Claire O'Gogger, atá foilsithe ag Cló Iar-Chonnachta (clúdach bog, £4). Tá an domhan i mbaol, fórsaí an oilc ar tí an ceann is fearr a fháil ar fhórsaí na maiteasa, agus is faoi thriúr déagóirí misniúla atá sé an bogha draíochta a aimsiú a shlánóidh an domhan. Cén chaoi ar tharla dóibh a bheith in amanna difriúla?

Bronnadh duais Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge d'ábhar do dhaoine óga ar an saothar seo ag féile an Oireachtais anuraidh.

Cnuasach gearrscéalta don



Máirtín Jamsí ar maidin: Beo bfogúil nó *Beo ar Éigean?*

Sceideal nua RnaG

An Síneadh Craolta is mó ó Bhunú na Seirbhíse

TÁ SÍNEADH FADA curtha ar uaireanta RnaG. Beidh an stáisiún ag craoladh feasta ó 6.30 go dtí 23.00. Seo é "an síneadh craolta is mó ó bunaíodh an stáisiún," arsa Ceannaire RnaG, Pól Ó Gallchóir.

An t-athrú mór seo, is ionann é agus cúig uair an chloig breise ar an seansceideal. Agus tá athruithe móra eile ann: beidh RnaG ag craoladh ó Bhéal Feirste agus ó Chorcaigh ag an deireadh seachtaine.

Is dea-scéal do lucht éisteachta an stáisiúin go mbeidh Máirtín Jamsie Ó Flatharta, fear Fhearann a' Choirce, i mbun cainte agus caidéise gach lá tar éis *Adhmhaidin. Beo ar Éigean* an t-ainm atá ar an glár.

Dea-scéal seans do Norita Ní Chartúir, bean *Do Bharúil*, nach mbeidh mochéirí uirthi níos mó: tráthnóna ag a 16.08 a bheas Norita os comhair *Mike* agus *Camchuart* á chur i láthair aici, clár a dhéanann freastal ar Ghaeltachtaí na tíre ar fad.

San oíche ó 20.30 ar aghaidh, beidh Cian Ó Cíobháin agus Rónán Mac Aodha Bhuí i mbun "a new nightly programme for young people in which they promise to celebrate sounds from such diverse fields as jazz, insurgent country, contemporary dance (and all its sub-genres) post-rock and many more." Saincheol ó na himeallacha – sin an méid a deir an leagan Gaeilge faoin méid seo thuas.

Beidh Peadar Ó Riada agus Mairéad Ní Mhaonaigh i measc chraoltóirí an cheoil thraidisiúnta feasta, agus breis ceoil thraidisiúnta geallta ag RnaG do lucht an rleanna agus na jigeanna.

Craolfar *Cois Life*, clár beo irise ó Bhaile Átha Cliath, gach tráthnóna ag 19.20. Tosóidh *Nuacht an Lae* feasta ag 17.45.

Athrú eile i gCasla is ea gur fostaíodh Siobhán Ní Urdail agus Gormfhlaith Ní Thuairisg le deireanas. Splanc nua?

ghnáthléitheoir fásta is ea *Í Síúd* le Siobhán Ní Shúilleabháin, ón teach foilsitheoireachta céanna

(clúdach bog, £6.50). Deir na foilsitheoirí gur "léiriú ar an teannas idir an seandearcadh dúchasach agus an meon nua-

aoiseach, nua-aimseartha" atá ann.

Lá Fhéile Mhichíl

LÉIREOIDH Compántas *Aisling Ghéar* dráma Eoghain Uí Thuairisc *Lá Fhéile Mhichíl* sa gCultúrlann ar Bhóthar na bhFál ón 13-22 Bealtaine. Tá an dráma ar an scrúdú A-Leibhéal i mblíana. "Tugann sé seans do na mic léinn an dráma suntasach seo a fheiceáil ar an ardán agus é déanta ag compántas proifisiúnta agus le haisteoirí den scoth," arsa Gearóid Mac Lochlainn thar ceann an chompántais. Ar na haisteoirí sin, tá Frances Quinn (*The Bill, Soldier Soldier*), Niall Cusack agus Antaine Ó Doibhlinn. Is é Gearóid Ó Cairealláin fear léirithe an dráma.

Buinneach ort!

AGUS iar-eagarthóir *Cuisle* Uinsionn Mac Dubhghaill ag póirseáil san Eolaí Teileafóin le déanaí tháinig sé ar an iontráil seo:

Buinne Enterprises Ltd.
Irish Agts - Parfums Saint Laurent.

Dream atá lonnaithe ar Shráid Albert, Dún Laoghaire, is ea *Buinne Enterprises*. Meastú cén boladh atá ag na cumhráin a dhíolann siad?

Líonra na nGael

IS IAD AOL an dream is mó ar domhan a chuireann seirbhísí idirlín ar fáil. I rith mhí an gheimhridh, dhún siad gan choinne scór suíomhanna a bhain le hoidhreacht na hÉireann. Dúirt siad go raibh idir mhasla, ionsaithe pearsanta, agus bhagairtí foréigin le léamh ar na suíomhanna. Dúradh ar ais gur chinsireacht pholaitiúil a bhí ar bun ag AOL.

Léiríonn an chonspóid le *America Online* a thábhachtfaí is atá an t-idirlíon faoin am seo do ghrúpaí Gaeilge. Níl an chonspóid thart, agus chuaigh an scéal chun áifeise

nuair a d'fhógair AOL go raibh cosc ar theachtaireachtaí trí Ghaeilge ar an bhfochóras atá acu sa Bhreatain. De réir urlabhraí dá chuid, bhí an tseirbhís "overwhelmed" ag lucht na Gaeilge nuair a dúnadh na suíomhanna oidhreacht a bhíodh in úsáid acu go dtí sin.

Bhagair an Ancient Order of Hibernians an dlí ar AOL, agus rinne daoine eile gearán leis an American Civil Liberties Union. Chuir AOL na suíomhanna ar ais, ach scrios siad chuile theachtaireacht agus thuairim pholaitiúil a bhí le léamh orthu.

Idir an dá linn, bíonn idir dhíospóireachtaí bríomhara agus theachtaireachtaí buile le léamh go minic ar an gclár plé ar *Cumas*, iris idirlíon trí Ghaeilge a chuireann Telecom Internet ar fáil. Tá ábhar machnaimh sa teachtaireacht seo leanas, a chuir Gaeilgeoir nua-thofa chuig an gclár agus é ag scríobh ar "a wet Tuesday in Ballyragget".

"Is oth liom a rá go gcuireann Gaeilgeoirí na tíre seo fáilte níos fearr roimh na daoine a thagann thar lear chun Gaeilge a fhoghlaim, uaireanta, nó mar a chuireann siad roimh na hÉireannaigh a dhéanann iarracht an teanga a fhoghlaim tar éis dóibh an scoil a fhágaint," a scríobh sé. "Le blianta beaga anuas, dúradh liom (a) go mba chóir dom bogadh siar agus cur fúm sa Ghaeltacht má tá mé ag iarraidh Gaeilge a labhairt; (b) nach féidir saol 'Gaelach' a bheith agam i mBÁC; (c) nach teanga í an Ghaeilge a cloistear i mBÁC. Sin agus abairtí *patronising*: 'Ó, tá Gaeilge mhaith agat . . . considering.'

An Cló Rómhánach

CUIREADH AR A SHÚILE do Ian Paisley le deireanas (féach pictiúr) gur sa chló Rómhánach atá a Bhíobla féin. Tuigtear dúinn nár léigh sé focal de ó shin.

Ós fuath leis an cló Gaelach, is léir go bhfuil sé go mór idir dhá thine. Meastar



Ian Paisley:
dall ar an gcló
rómhánach?

go bhfuil leagan taifeadta den Bhíobla á réiteach anois dó, agus go bhfuil maide bán ceannaithe aige.

Níl sé le cur as an áireamh go dtréigfidh Ian an creideamh buí ar fad, is go rachaidh sé le creideamh Ioslaim. Réiteodh sin ceist an chló ar aon nós.

Ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfaí cóip den Bhíobla a chur ar fáil dó sa chló Arabach. Tá pobal mór

Muslimach sa mBreatain Mhór, agus méadú ag teacht ar phobal Muslimach Bhaile Átha Cliath.

Má dhéantar cóip den Bhíobla sa gcló Arabach, cothóidh sé muintearas idir lucht léite na hArabaise thuaidh agus theas. Seans gur fonnmhair a ghéillfeadh Ian Akbar do na forais trasteorann dá mbeadh bráithre aonchlo leis ar thalamh na Poblachta.



Gary Hynes


Cúl an stáitse

DEIRTEAR go bhfuil níos mó aisteoirí gan obair in Éirinn ná mar atá fostaithe ann, ach i nDruid na Gaillimhe is é cúl an stáitse an áit is contúirtí san amharclann.

Ní amháin go bhfuil an *set* ag titim, ach tá láimh na difhostaíochta chomh trom ar lucht riaracháin gur ceapadh scata Buachaillí Báire ón Domhan Thiar a bheith ag réabadh ann.

Chomh luath is a bhíonn críoch le conradh lucht riaracháin an chomhlachta, tuigtear dúinn go dtugtar bóthar dóibh - is cosúil go bhfaightear ionadaí páirtaimseartha nó lucht FÁS ina n-áit.

Tá súil againn go mbeidh post ag Gary Hynes bhocht nuair a thioctaidh sí ar ais ó Mheiriceá. Dráma ceart a bheas againn muna mbeidh.



Seoladh Scéim Fhoghraíochta Mhuintearais sa gCultúrlann i mBéal Feirste le deireanas. Bhí Seán Ó Coistealbha Príomh-Oifigeach Mhuintearais i láthair, Gerry Adams M.P., agus Connie Ní Fhatharta, Co-ordnóir Oideachais Mhuintearais.

Maidir le do litir...

AG PÓIRSEÁIL i leabharlann an Acadaimh a bhíos nuair a leagas súil ar an láimhscríbhinn. Leathanaigh ar iarraidh inti. Í dóite. An dáta 1788 uirthi. Tar éis roinnt póirseála, thuigeas gur comhfhreagras a bhí i gcuid den láimhscríbhinn. Cérbh iad na scríbhneoirí?

X: antraipeolaí a thug seal sa gcoigríoch ag cnuasach seanamhrán. Le linn dó a bheith i Puy-les-Bains na Fraince, reachtáil sé scoil éige. D'iarr sé cara leis (Y) anall le trácht a dhéanamh ar amhráin na hÉireann.

Y: amhránaí agus píobaire. Tar éis dó rogha amhrán a chur le chéile, scríobh sé ar ais chuig X, agus d'iarr air Fraincis a chur ar na hamhráin ionas go dtuigfeadh lucht na scoile iad i Puy-les-Bains.

Gnáthphrós a bhí sa gcéad dá litir a scríobh an bheirt chuig a chéile, ach thugas faoi deara gur rannaíocht a bhí sa tríú ceann. Bhíog mo shúil:

*Mo leithscéal, a X chóir
Mo léan géar, m'easonóir,
Inné a fuaireas do scéal
Beartán mór, is jab dá réir.*

*Dá mba ór an duilliúr donn
Airgead ar bharr na ngealtonn
Punt ar gach focal mall
Solas na bhflaitheas mar luach
saothair agam*

*Do mhian, is é 'mheasaim go láidir
T'achainí míinte, t'aitheasc glan
A chur i gcló ná i gcrích
Ní hacmhainn dom mar atáim.*

*Leithchéad cléireach le chéile
Ó Shamhain go Bealtaine gan
staonadh
Cruinn in aon oifig gan tuirse
Níor leor sin don obair seo.*

*Mo léithsa níor thréig ná mo rith,
Mo chiall níor chlaon, mo bhí níor
loic,
Ach bíim ag cnuasach amhrán
Nóiméad náil agam le spáráil.*

*Ní thaobhaim cabhantar ná cúirt
Ní ag ceasacht é, ós é mo leas é
Ach do pháirse ná threabhfad le
cois
Nó beidh orm lainsis ag an
bhFraincis.*

*Scorfad feasta dem' liodán
Is éistfead fós le beal bán:
Más mór an cnoc seo inár slí
Tá gleann dá réir, ní fál go haer.*

*Aistread cúpla píosa
Leathuair i gcoim oíche
Má ligeann Dia, tapód deis,
Le breacadh gealaí, idir fion is feis.*

Scríbhinn Anaithnid

Shuíos ag an mbord ba ghaire dom. Thuigeas gur scríbhinn luachmhar, anaithnid a bhí faoi mo shúil agam. B'iontach liom nár tugadh chun follais cheana í. Lean mé den léitheoireacht go santach, an seanchló agus an páipéar tréigthe ag cur ceo ar m'amharc. Gnáthphrós arís a bhí sa bhfreagra ar ais:

'A X, a chara, nach ealaíonta an litir filíochta a chuiris chúm! Ní hacmhainn domsa ach libín próis do chur chútsa. Thuigeas gur nós le seanaGhaelaibh litreacha filíochta do chur abhaile ón Loubháin, ó Thalamanca (sic) agus ó Bhordeaux fadó, ach is iongantach liom an nós do bheith beó fós.'

Rinneas mo mhachnamh. Bhí fógra feicthe agam i foyer an Acadaimh: 'Call for Papers: Fourth Conference on Hybrid Literary Forms, Ollscoil Chathair na Mart.' Bheartaíos láithreach adhmaid a bhaint as an gcomhfhreagras nua a bhí os comhair mo dhá shúil, agus ó tharla an fógra i mBéarla, bhreacas an méid seo a leanas:

Is all verse creative? Evidence from the Irish tradition suggests not. Our text, a letter, in verse, has much literary style, indicates a familiarity with literary conceit, and is part of a recognised albeit defunct tradition. Letter-writing today is not generally considered a creative genre, though at its best may occasionally be referred to as an art.

A distinction between creative and non-creative prose is part of literary canon. Must we, given the current Irish evidence, apply a similar distinction to verse? If we accept that the verse-letter is not a creative genre, may we presume that non-creative verse manifests itself in other ways? To



what extent has non-creative verse been infiltrating volumes of poetry in the Irish language?

Further to discovery and analysis of the above verse-letter, we may now ask how much other Irish verse can now be described as non-creative? Conversely, if verse hitherto considered creative no longer is so, should prose hitherto considered uncreative be seen in a new creative light? Should the letter as a genre be re-examined, or does this merely cloud the issue unduly? Does form determine creativity? Does content? Is literary criticism a creative genre? Have our definitions become hollow and redundant? Is a pig a two-legged animal? So many questions . . .

File Smaointeach

S ANSIN a chualas an glór: 'The library is closing.' Chuireas mo leabhar nóta ina phóca. Bhreathnaigh ar an gclog. Chuir orm mo chóta. Shín an láimhscríbhinn chuig an leabharlannaí.

Amach liom agus smúidcheobhrán ag titim ar Bhaile Átha Cliath. Trasna an bhóthair a chuas go Café de la Seine gur ordaíos caifé. Cé a bheadh istigh romham ach file Gaeilge agus é ligthe anuas ar an gcabhantar go smaointeach.

"Tú féin atá ann," arsa an file, "an bhfuil tú ag scríobh aon cheo cruthaitheach faoi láthair . . .?"

"Scéalta do pháistí," arsa mise, "agus corrlitir . . ."

*Seo é an t-alt deiridh sa tsraith.
Is é scaradh na gcompanionach é*

Sean agus nua ar TnaG



TnaG Bealtaine


Nua gach Bia

Dé Céadaoin ar 8.30 p.m. ón 5 Bealtaine

Comhlucht Léirithe: Gaelmedia
Stiúrthóir: Máire ní Chonláin

BÍONN SIÚLACH scéalach, agus is duine an-scéalach é an cócaire Éamonn Ó Catháin. Tá a chuid spéise sa gcócaireacht, sa taisteal agus sa gceol fite fuaite le chéile sa tsraith nua seo, sraith deich gclár leathuair, blaiseadh de chócaireacht an domhain i gcuideachta a chuid aonona uaisle.

Is beag tír a bhfuil cáil bia agus boird uirthi nach gcuirtear i gcás i *Nua gach Bia* le súlach a bhaint as ár gcuid fiacla, ón Afraic go dtí na



Blaiseann Síle Nic Conaonaigh, An Spidéal, de chócaireacht an Chathánaigh ar *Nua gach Bia*

hIndiacha Thiar, ón mBriotáin go dtí an Cian-Oirthear.

Cócaire iomráiteach é Éamonn Ó Catháin a bhfuil clú agus cáil bainte amach aige dó féin. Is aige a bhí an bhialann cháiliúil Chez Beano i mBaile Átha Cliath (1982-1992) agus chaith sé tréimhsí ó shin i mbialanna eile sa gcathair sin, Fitzers (RDS) agus an Green Room.

Seo na háiteacha a bheidh faoi chaibidil agus na haonona ar *Nua gach Bia*

5 Bealtaine – An Afraic:
Manchán Magan, údar agus láithreoir teilifíse

Gillian Ní Cheallaigh, léitheoir nuachta teilifíse
12 Bealtaine – Na hIndiacha Thiar:

Diarmaid de Faoite, aisteoir

Máire Moriarty, abhcóide
19 Bealtaine – An Iodáil:

Ciara Callaghan, aisteoir i *Fair City*,

Síle Nic Conaonaigh, aisteoir i *Glenroe*
26 Bealtaine – Éire

Sylvia Peyrol, Francach

Henry Leperlier ón Aigéan Indiach
2 Meitheamh – An Phortaingéil

Ciana Campbell, láithreoir teilifíse

Dairfona Ní Dhonncha, aisteoir i *Ros na Rún*

Traidisiún an Bhia
Ón 20 Bealtaine ar 4.15 p.m.

BÍONN GO LEOR cainte ar chúrsaf bia agus ar an gcaoi a gcuirtear ar an margadh é, agus déanann an tsraith seo cur síos ar an mbia traidisiúnta agus ar an gcultúr a ghabhann leis.

Feicimid conas seacláid a dhéanamh, agus conas gliomach a réiteach le seacláid bhán.

Is í an fheoil atá idir lámha i gclár eile: muilcheoil, mairteoil agus feoil ostraise.



Ceol ar TnaG

Sult

Gach Dé Máirt ó 4 Bealtaine,
9.30 p.m.

Comhlucht Léirithe
Stiúrthóir

TA BANNA speisialta tugtha le chéile ag Dónal Lunny don tsraith seo: é tén, Mollaig Ní Chathas-aigh ar an fliúil, Pat Crowley ar an meachlár, Noel Bridgeman ar na cnaguiris, agus Steve Cooney ar an dordghiotar, giotar agus eile. Beidh gach saghas ceoil le cloisteáil, amhránaíocht ar an sean-nós agus scoth an rae-cheoil.

Sa chéad chlar castaadh Steve Cooney agus Seamus Ó Beaglaíoch cúpla polca. Beidh an t-amhránaí Seosaimhín Ní Bheaglaíoch ann freisin, chomh maith le Van Morrison agus leagan sairnúil aige den amhrán *Saint Dominics Preview*.

Sa dara clár beidh Paddy Glackin, veidhleadóir, an t-amhránaí Brian Kennedy le *As / Roved Out* an cór Anúna; agus an t-amhránaí Paul Brady.

An Mháirt dar gcionn, 18 Bealtaine, beidh an próbair Liam O'Flynn agus an t-amhránaí John

Beag Ó Flatharta i mbun ceoil. Cloisfidh muid leagan d'amhrán an Ghorta Mhór, *Johnny Seagie* ó John Beag.

Ar chláir deireanach na míosa, 25 Bealtaine, beidh Matt Malloy agus Seán Keane máistri na fluite agus an veidhlín – ag casadh an cheoil. Castaadh Matt an t-éan mall *Scarunt na gCompanach*.

Síbin

Déardaoin

Comhlucht Léirithe Gaelmedia
Stiúrthóir: Máire ní Chonláin

CÁ gCLOISFIDH tú scoth an cheoil agus an chomhrá? I dtéach tabhairne, agus ní teach tabhairne in Éirinn is ceolmhaire ná is caintí ná *Síbin*.

Charlie Landsboro, Tommy Peoples, Louise Morrissey, The Walls, Dermot Byrne, Steve Cooney agus Dessie Donnelly, China Crisis, agus Liam Ó Maonlaí ó na Hothouse Flowers, sin iad a bheidh ag bualadh isteach chuig an tabhairne ceann tuí i rith na míosa. Is bainfidh siad creathadh as na ballaí agus spleancanna as an uirlár.



Cláracha Faisnéise

Scríobhaí

4 Bealtaine 10.02 p.m.

Comhlucht Léirithe: AV Edge
Stiúrthóir: Mary Harkin

CLÁR FAISNÉISE ar ealaín na peannaireachta agus ar cheird an scríobhaí in Éirinn ó thús na staire go dtí an lá atá inniu ann. Scrúdaíonn an clár seo stair, ceird, agus raon na healaíne seo in Éirinn.

Agus é ar láithreacha stairiúla Mhainistir Chluain Mhic Nóis i lár tíre agus Leabharlann Marsh i mBaile Átha Cliath, déanann duine de mhórscriobhaithe na linne seo, Tim O'Neill, cur síos ar an saol agus ar na coinníollacha oibre a bhí acu siúd a rinne ceannródaíocht ar an ealaín seo agus gan acu ach solas na gréine nó coinneal chéire agus cleite maol ar pháir garbh.

Tugann sé cuairt ar Leabharlann Chester Beatty i mBaile Átha Cliath, áit a bhfuil ceann de mhórbhalliúcháin lámhscríbhinní Oirthear an Domhain.

Tráchtann an file agus an critic Theo Dorgan ar Leabhar Mór na hÉireann, saothar meithil ina bhfuil 140 file, 120 ealaíontóirí, naonar cumadóirí ceoil agus scríobhaí amháin tar éis saothrú le chéile. Is

taisce liteartha, ealaíne agus ceoil atá sa leabhar seo.

Léiríodh an clár faoi choimirce *Splancl*, comhthionscnamh idir TnaG agus An Chomhairle Ealaíon.

Tír Gan Ainm

12 Bealtaine 10.02 p.m.

Comhlucht Léirithe: Scannán Dobharchú
Stiúrthóir: Máirín Seoige

CLÁR FAISNÉISE faoin nGaeilge. Tugtar léargas géarchúiseach ann ar an stádas atá aici sa státchóras, i gcúrsaí oideachais sa nGaeiltacht, sna cathracha, agus i measc an phobail i gcoitinne.

Ar na daoine atá páirteach sa gclár tá Gearóid Ó Tuathaigh, cathaoirleach Údarás na Gaeltachta; an tOllamh Breandán Ó Buachalla; Moore McDowell, eacnamaí; Muireann Ní Mhóráin, oideachasóir agus tuismitheoir; Tadhg Ó hÉalaíthe, ardrúnaí na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán; agus Antaine Ó Donnaille, sochttheangeolaí agus craoltóir.

Buille níos Sine

18 Bealtaine 10.02 p.m.

Comhlucht Léirithe: Fis Chois Fharraige
Stiúrthóir:

CLÁR FAOI dhealbhadóirí é seo, cur síos ar an gcaoi a ndéantar dealbh ó thús deireadh. Feiceann muid na healaíontóirí atá i mbun comhthogra agus an caidreamh pearsanta agus ealaíonta atá eatarthu.

Tugtar cuairt ar Ros Cré chuig an láthair ina bhfuil na dealbha seo le cur in airde. Ní obair chiúin í an obair seo, agus bíonn í an gceol féin ag uirlisí an dealbhadóra.

Mar a deir duine de na dealbhadóirí, Séamus Dunbar, 'Tá draíocht ag baint le hobair láimhe'. Tá Séamus ina mhúinteoir freisin agus é i mbun oiliúna in Ionad Dealbhadóireachta Liatroime agus é ag iarraidh na scéil seo a thabhairt ar lámh don chéad ghlúin eile.

Léiríodh an clár seo faoi choimirce na scéime *Splancl*



Cláracha Rialta

Nuacht TnaG

Gach lá ar 8 p.m.

Foiréann Nuacht TnaG

Is í an tseirbhís nuachta agus cúrsaí reatha a chuireann múlna sainiúil ar gach seirbhís teilifíse, agus tá tughtha faoin dúshlán sin go míniúil ag TnaG. *Nuacht TnaG*, sin é príomhchár an lae, agus is tríd an tsúil eile a bhíonn léargas ar imeachtaí an lae.

Is é an duine is ábhar do scéalta TnaG, an tIonchar a bhíonn ag scéal ar shaol an duine, an deis a fhaigheann duine le scéal a mhíniú, agus tagann sin a lorg sainiúil féin ar Nuacht TnaG.

Tugtar na scéalta móra ar fad le chéile san ollchár *Súil Slar na Seachtaine* a chraolann gach Satharn ar a 3pm le fothaidil Ghaeilge agus gach Domhnach ar a 9.50pm le fothaidil Bhéarla.

Seo Mar a Bhí

Dé Luain ar 8.30 p.m.

Comhlucht Léirithe: Forefront
Stiúrthóir: Tony McCarthy

11 Bealtaine: Is é an Dr Pat Wallace, Stiúrthóir



Seo mar a bhí le SBB

an Mhúsaem Náisiúnta, a bheidh ag dul siar ar bhóithrín na smaointe le SBB san eagrán seo agus iad ag ransú Chartlann RTE do mhíreanna nuachta agus eile a mhúsclos na cuimhní, agus an chonspóid freisin b'fhéidir.

Tá píosa scannáin ó chuairt a thug John F. Kennedy ar Luimneach i 1963 ann, agus mír faoin geonspóid pheanála agus sheandálaíochta a bhain le tógáil oifige an Bhardais ar Ché an Adhmaid i mBaile Átha Cliath i dtús na n-ochtóidí.

Béidh deis ag SBB filleadh ar na laetha a bhí nuair a thaispeánfar amhrán leis an Royal Showband, dream a bhí in ard a réime nuair a bhí Seán ina dhéagóir!

18 Bealtaine: Breandán Ó Conaire a bheidh ag dul siar ar bhóithrín na smaointe le SBB san

eagrán seo. Udar, léachtóir agus riarthóir spóirt é Breandán atá ina uachtarán ar Churiamn Dornálaíochta na hÉireann.

Beidh píosa scannáin stairiúil faoin gCraoibhín Aoibhinn, Dúghlas de hÍde, acu dúinn chomh maith le ceol ón ngrúpa *Planxy* (Christy Moore, Liam O'Flynn, Dónal Lunny agus Andy Irvine) maraon le mír chartlainne ina bhfuil scoth na ndornálaíthe: Jack Doyle, Muhammed Ali, agus babhta cáiliúil eile dornálaíochta nach raibh na móitíirí ar aon fhocal faoi: Charlie Nash agus Seán Bán Breathnach sa gcró le chéile.

5 Bealtaine: Gráinne Uí Mhathúil ag comhrá le Seán Bán agus iad ag cartadh sa Chartlann RTE ar thóir míreanna nuachta agus eile. Bheadh aithne mhaith ar Ghráinne mar dhuine de na láithreoirí a bhí ar *Boscó* agus ar *SBB ina Shuí* rith na n-ochtóidí agus na naochaidí.

Beidh píosa le feiceáil ó cláracha páistí ar nós *Let's Draw with Bláithín* chomh maith le píosa ó *Nighthawks*, an clár cáiliúil ceoil agus cainte.

I mBéal an Phobail

Dé hAoine ar 8.30 p.m.

Comhlucht Léirithe: Telegael
Stiúrthóir: Bríd Seoige

IS í Cynthia Ní Mhurchú a chuireann an tsraith

Cláracha Spóirt

Spóirt TnaG

Dé Domhnaigh ar 6.50 p.m.

LEANFAR den freastal ardchaighdeán spóirt a dhéanann TnaG i rith na Bealtaine agus i rith an tsamhraidh. Cuirfidh Spóirt Iomlán na himeartha ar fáil ó cheann de mhórchluichí CLG an lae agus cuirfear leis an

bhfaisnéis ar na cluichí Gaelacha sa gclár **Ard san Aer** (gach Máirt 10.30pm, athchraoladh gach Céadaoin 6.30pm).

Peil sa Ghaeltacht, sacar sa Spáinn

BEIDH Comórtas Peile na Gaeltachta beo ar TnaG ón Rinn Dé Domhnaigh agus Dé Luain le linn an Chomórtais. Is sa Rinn a

léirítear an clár sacair Olé Olé, agus beidh an clár seo ag trácht ar bhuaic an tséasúir sa Spáinn ar feadh na Bealtaine, tráth a socrófar cén club a thabharfaidh an chraobh leis sa tsraith sacair is fearr ar domhan.

NBA League

Dé Sathairn ar 6.30 p.m.
Athchraoladh Dé Domhnaigh ar 2.30 p.m.

NÍ TAOBH le cluichí páirce amháin atá sceideal spóirt TnaG, ach cuireann sé scoth na cispheile ar an scáileán faoi dhó sa tseachtain, agus déanann freastal cuimsitheach ar shraith NBA na Stát Aontaithe.

Díríonn NBA League ar cheann de mhórchluichí na seachtaine agus bíonn buaicphointí na gcluichí ar fad agus tuairiscí ar chúrsaí na sraithe ar fáil in NBA Action.

Spóirtiris

Comhlucht Léirithe: RTÉ
Stiúrthóir: Seán Ó Méalóid

ANCAIRE i sceideal spóirt TnaG is ea an gnéchlár seachtainiúil spóirt seo.

Tá aitheantas ar leith bainte

amach aige as an bhfreastal breá a dhéanann sé ar na himeachtaí móra spóirt gan faille a dhéanamh ar spóirt an mhionlaigh – sacar na mban, rianadóireacht, agus rugbaí na scoileanna mar shampla.

Níl log ná lag sa tír nach bhfuil siúlta ag Spóirtiris – ó Cheann Sléibhe go Ceann Mhálanna agus ó Bhaile Átha Cliath go Conamara.

Réimsí eile spóirt

FÉACHANN sceideal spóirt TnaG le freastal ar réimsí spóirt nach mbíonn ar na caintéil eile. Sampla de seo is ea an clár Racing Green (gach Déardaoin ar 7.30 p.m.) a thugann léargas seachtainiúil dúinn ar spóirt na mótar agus na ngluaisrothar in Éirinn. Is í Vivienne Doyle a chuireann an clár i láthair.

Beidh deis ag lucht gailf cuid de mhórchúrsaí Chúige Uladh a fheiceáil sa gclár Great Golf Journeys gach Déardaoin ar 6.30 p.m. ina dtugann an t-imreoir gairmiúil Rónan Rafferty cuairt ar chuid de na cúrsaí is cáiliúla sa goúige le himirt orthu agus le cuid dá seanchas a chloisteáil.

Racing Green: Déardaoin ar 7.30 p.m.


seo i láthair gach oíche Aoine, súil slar ar na scéalta ba neamhghnáthaí agus ba mhó a bhain crátheadh as an domhain le cheithre scór bliain anuas.

Ar an **7 Bealtaine** beidh cur síos aici ar dhúnmharú brúidiúil aistóra ó cheann de shobaldhrámaí na Breasaile; ar fhorbairt rúnda na n-arm núicléacha san Aontas Sóivéideach ar feadh dhá scór bliain agus gan aon chigireacht orthu; agus cás cáiliúil John Profumo sa mBreatain sna seascadaí – an tAire, an spéirbhean agus an spiadóir Sóivéideach.

Ar an **14 Bealtaine** beidh Cynthia ag cur síos ar shean-nósanna leighis, agus ar Rí Edward a hOcht na Breataine – an té a thug uaidh a choróin le go bhféadfadh sé Wallace Simpson a phósadh, rud a chuir tús le scannail theaghlach Windsor sa mBreatain sa bhfichú aois.

Ar an **21 Bealtaine** beidh mír faoi lucht leanúna Hitler – an bhfuil siad fós ar an bhfód? Tabharfaidh muid cuairt freisin ar chathair i Meiriceá Theas a bhfuil cáil na háilleachta uirthi ach na céadta páiste marú ann gach bliain. Beidh scéal tráthúil eile ag Cynthia dúinn san eagrán seo – scannail i saol na teifíse.

Scannail eile a bhfuil stair dhá scór bliain ann a bheidh á phlé ar an **28 Bealtaine**: an Tuskegee Study, smaoinearh a bhí ag lucht leighis nach



Cead Cainte le Aine Ní Chiaráin agus Máirín Ní Ghadhra

raibh leigheas ar bith ann. Chomh maith leis sin beidh tuairisc ann ar fhoghlaithe mara atá fós ann agus iad i bhfad níos oíche ná a bhí Blackbeard ná Gráinne Mhaol lena linn. Agus

nuachtáin thablóideacha Shasana – cé acu is measa, iad féin nó na pólaiteoirí?

Cead Cainte

Dé Céadaoin 9.30 p.m.
Comhlucht Léirithe: RTÉ
Stiúrthóir: Kevin Cummins

SEO É an clár seachtainiúil cúrsaí reatha atá i gceol an sceidil ó thosaigh TnaG. Is iad Aine Ní Chiaráin agus Máirín Ní Ghadhra na láithreoirí agus bíonn meascán bríomhar de thuariscí réamhléirithe agus d'apallaimh bheo stúideo acu gach oíche Chéadaoine.

Is é seo an t-aon chlár cúrsaí reatha teifíse in Éirinn nó sa mBreatain ar mná iad an fhoireann láithreoireachta ar fad.

Céad Chéadaoin

5 Bealtaine, 9.30 p.m.
Comhlucht Léirithe: RTÉ
Stiúrthóir: Kevin Cummins

CLÁR MÍOSÚIL 6 seo ina gcuireann Alan, Dukes TD agus Máire Geoghegan-Quinn djanagallamh beo ar feadh leathuair ar phearsa mhór le ná. Is í Mairéad Ní Mhaonaigh, ceoltóir agus amhránaí aoil na míosa seo.

ant e a thuig iaoin saol thoinn

Bhí tuiscint riamh in Éirinn ar an Saol Fó Thoinn agus is é John Philip Holland as Lios Ceannúir i gCo. an Chláir a cheap an chéad fhomhuireán ón saol seo a chonaic Manannán.

Bhí dearcadh ar leith ag Holland, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh. **Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.** Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas.

Website-[http:// www.tnag.ie](http://www.tnag.ie)